



BREITHIÚNAS NA CÚIRTE BREITHIÚNAIS (an Mór-Dhlísheomra)

31 Eanáir 2023\*

(Achomharc – Státchabhair – Airteagail 107 agus 108 CFAE – Cabhair um athstruchtúrú – Earnáil na baincéireachta – Céim an réamhscrúdaithe – Cinneadh lena ndearbhaítear cabhair atá comhoiriúnach leis an margadh inmheánach – Plean athstruchtúrúcháin – Gealltanais arna ndéanamh ag an mBallstát lena mbaineann – Bearta comhroinnte ualaigh – Fofhiachas a chomhshó ina chothromas – Sealbhóirí bannaí – Caingean le haghaidh neamhniú – Inghlacthacht – An ceathrú mír d’Airteagal 263 CFAE – *Locus standi* – Duine nádúrtha nó dlítheanach a bhaineann gníomh go díreach agus go leithleach leo – Sárú ar chearta nós imeachta na bpáirtithe leasmhara – Mainneachtain an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil a thionscnamh – Airteagal 108(2) CFAE – Coincheap an “leasa” – Rialachán (AE) 2015/1589 – Airteagal 1(h) – Coincheap an “pháirtí leasmhair” – Bearta náisiúnta arna gcur san áireamh ag an gCoimisiún Eorpach – Do-ghlacthacht na caingne)

I gCás C-284/21 P,

Achomharc de bhun Airteagal 56 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, a tionscnaíodh an 3 Bealtaine 2021,

an **Coimisiún Eorpach**, arna ionadú ag K. Blanck agus A. Bouchagiar, i gcáil Gníomhairí,

iarratasóir,

na páirtithe eile sna himeachtaí:

**Anthony Braesch**, ina chónaí i Lucsamburg (Lucsamburg),

**Trinity Investments DAC**, a bunaíodh i mBaile Átha Cliath (Éire),

**Bybrook Capital Master Fund LP**, a bunaíodh in Grand Cayman (Oileáin Cayman),

**Bybrook Capital Hazelton Master Fund LP**, a bunaíodh in Grand Cayman,

**Bybrook Capital Badminton Fund LP**, a bunaíodh in Grand Cayman,

arna ionadú ag A. Champsaur, avocate, agus ag G. Faella, L. Prosperetti agus M. Siragusa, avvocati,

iarratasóirí ag an gcéad chéim,

tugann AN CHÚIRT BHREITHIÚNAIS (an Mór-Dhlísheomra),

\* Teanga an cháis: an Béarla.

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: K. Lenaerts, Uachtarán, L. Bay Larsen, Leas-Uachtarán, A. Arabadjiev, E. Regan (Rapóirtéir), M. Safjan, P. G. Xuereb, D. Gratsias agus M. L. Arastey Sahún, Uachtaráin Dlísheomraí, F. Biltgen, I. Jarukaitis, N. Jääskinen, N. Wahl, I. Ziemele, J. Passer agus M. Gavalec, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: A. Rantos,

Cláraitheoir: M. Longar, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn agus i ndiaidh éisteacht an 4 Aibreán 2022,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 21 Meitheamh 2022,

an Breithiúnas seo a leanas:

### Breithiúnas

- 1 Trína achomharc, tá an Coimisiún ag iarraidh go ndéanfaí breithiúnas Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 24 Feabhra 2021, *Braesch agus páirtithe eile v an Coimisiún* (T-161/18, an “breithiúnas faoi achomharc”, EU:T:2021:102) a neamhniú, lenar dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta don agóid do-ghlacthachta a ardaíodh sa chaingean arna thionscnamh faoi Airteagal 263 CFAE ag Anthony Braesch, Trinity Investments DAC, Bybrook Capital Master Fund LP, Bybrook Capital Hazelton Master Fund LP agus Bybrook Capital Badminton Fund LP (“Braesch agus páirtithe eile”), ag iarraidh go ndéanfaí Cinneadh C(2017) 4690 final ón gCoimisiún an 4 Iúil 2017 maidir le Státchabhair SA.47677 (2017/N) – an Iodáil, cabhair nua agus plean athstruchtúraithe leasaithe Banca Monte dei Paschi di Siena (“an cinneadh a chonspóidtear”) a neamhniú.

### An dlí lena mbaineann

#### *Rialachán (AE) 2015/1589*

- 2 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 1, dar teideal “Sainmhínithe”, de Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle an 13 Iúil 2015 lena leagtar síos rialacha maidir le hAirteagal 108 [CFAE] a chur i bhfeidhm (IO 2015 L 248, lch. 9):

“Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

[...]

b) “cabhair atá ann cheana”:

[...]

- (ii) cabhair údaraithe, is é sin le rá, scéimeanna cabhrach agus cabhair aonair, atá údaraithe ag an gCoimisiún nó ag Comhairle [an Aontais Eorpaigh];

[...]

c) “cabhair nua”: aon chabhair, is é sin le rá, scéimeanna cabhrach nó cabhair aonair, nach cabhair í atá ann faoi láthair, lena n-áirítear athruithe ar chabhair atá ann faoi láthair;

[...]

f) “cabhair neamhdhleathach”: cabhair nua a cuireadh chun feidhme de shárú ar Airteagal 108(3) [CFAE];

g) “cabhair mí-úsáide”: cabhair arna húsáid ag an tairbhí de shárú ar chinneadh arna ghlacadh de bhun [...] Airteagal 4(3) [...] den Rialachán seo;

h) “páirtí leasmhar”: aon Bhallstát agus aon duine, gnóthas nó comhlachas gnóthas a bhféadfadh deonú cabhrach agus, go háirithe, tairbhí na cabhrach, na gnóthais iomaíocha agus na comhlachais gairmiúla difear a dhéanamh dá leasanna.”

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

3 Foráiltear le hAirteagal 4(3) agus (4) den Rialachán sin, dar teideal “Réamhscrúdú ar fhógra agus ar chinntí an Choimisiúin”:

“3. Má chinneann an Coimisiún, tar éis réamhscrúdú, nach bhfuil aon amhras ar an mbeart dá dtugtar fógra, a mhéid a thagann sé faoi raon feidhme Airteagal 107(1) [...] CFAE, maidir lena chomhoiriúnacht leis an margadh inmheánach, cinneann sé go bhfuil an beart sin comhoiriúnach leis an margadh inmheánach (“cinneadh gan agóidí a dhéanamh”). Sonraítear leis an gcinneadh sin cén maolú dá bhforáiltear i [gConradh] FAE a cuireadh i bhfeidhm.

4. Má chinneann an Coimisiún, tar éis réamhscrúdú, go bhfuil amhras ann ar an mbeart dá dtugtar fógra, maidir lena chomhoiriúnacht leis an margadh inmheánach, cinneann sé an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 108(2) [...] CFAE a thionscnamh (“cinneadh an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil a thionscnamh”).”

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Foráiltear sa chéad mhír d’Airteagal 6 den Rialachán sin, dar teideal “Nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil”:

“Leis an gcinneadh an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil a thionscnamh, tugtar achoimre ar na heilimintí ábhartha fíorais agus dlí, lena n-áirítear réamh-mheasúnú ón gCoimisiún ar an mbeart atá beartaithe chun a chinneadh an chabhair í, agus leagtar amach ann na cúiseanna a bhfuil amhras ann faoina chomhoiriúnacht leis an margadh inmheánach. Iarrtar leis an gcinneadh ar an mBallstát lena mbaineann agus ar pháirtithe leasmhara eile a gcuid barúlacha a thíolacadh laistigh de thréimhse shonraithe, nach dtéann thar aon mhí amháin de ghnáth. I gcásanna áirithe a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh an Coimisiún síneadh a chur leis an tréimhse sin.”

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

- 5 Foráiltear le hAirteagal 9(4) de Rialachán 2015/1589 dar teideal “Cinntí an Choimisiúin an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil a dhúnadh”:

“Féadfaidh an Coimisiún coinníollacha a chur lena chinneadh dearfach lena bhféadfaidh sé comhoiriúnacht leis an margadh inmheánach agus oibleagáidí lena bhféadfaidh sé faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh a chinnidh (“cinneadh coinníollach”).”

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

- 6 Foráiltear le hAirteagal 16(1) den Rialachán sin, dar teideal “Gnóthú na cabhrach”:

“I gcás ina ndéantar cinntí diúltacha i gcásanna cabhrach neamhdhleathaí, cinnfidh an Coimisiún go ndéanfaidh an Ballstát lena mbaineann gach beart is gá chun an chabhair a aisghabháil ón tairbhí [...]. Ní éilíonn an Coimisiún go n-aisghabhfaí an chabhair dá mbeadh sé sin contrártha do phrionsabal ginearálta dhlí an Aontais.”

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

- 7 Foráiltear le hAirteagal 20 den Rialachán sin, dar teideal “Mí-úsáid cabhrach”:

“Gan dochar d’Airteagal 28, féadfaidh an Coimisiún, i gcás mí-úsáid cabhrach, an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil a thionscnamh de bhun Airteagal 4(4). Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagail 6 go 9, ag Airteagail 11 agus 12, ag Airteagal 13(1) agus ag Airteagail 14 go 17.”

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

### **Treoir 2014/59/AE**

- 8 Foráiltear le hAirteagal 32(4) de Threoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat le haghaidh téarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa agus gnóthais infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle, agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO 2014 L 173, lch. 190), dar teideal “Coinníollacha le haghaidh réitigh”:

“Chun críocha pointe (a) de mhír 1, measfar go bhfuil ag cliseadh ar eintiteas nó gur dócha go gclisfeair air i gceann amháin nó níos mó de na himthosca seo a leanas:

[...]

- d) tá gá le tacaíocht airgeadais phoiblí urghnách, ach amháin, chun suaitheadh tromchúiseach i ngeilleagar Ballstáit a chosc nó a leigheas agus cobhsaíocht airgeadais a áirithiú, nuair a bheidh an tacaíocht airgeadais phoiblí urghnách sin in aon cheann de na foirmeacha seo a leanas:

[...]

- iii) instealladh cothromais nó ceannach ionstraimí cothromais ar phraghsanna agus ar théarmaí nach dtugann buntáiste don eintiteas, i gcás nach ann do na himthosca dá dtagraítear i bpointí (a), (b) nó (c) den mhír seo, ná do na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 59(3), tráth a dtabharfar an tacaíocht phoiblí.

I ngach ceann de na cásanna dá dtagraítear i bpointí d), (i), (ii) agus (iii) den chéad fhomhír, ní bhaineann na bearta ráthaíochta nó na bearta coibhéiseacha dá dtagraítear iontu ach le heintitis sócmhainneacha agus beidh siad faoi réir coinníoll formheasa chríochnaithigh faoi chreat Státchabhrach an Aontais [Eorpaigh]. Beidh na bearta sin de chineál réamhchúramach agus sealadach agus beidh siad comhréireach chun iarmhairtí an tsuaite thromchúisigh a leigheas agus ní úsáidfear iad chun cailleanais a bheidh tabhaithe ag an eintiteas, nó ar dócha é go dtabhófar iad amach anseo, a chúiteamh.

Déanfar bearta tacaíochta faoi phointe d), (iii), den chéad fhomhír a theorannú do na hinstealltaí is gá chun aghaidh a thabhairt ar easnamh cothromais atá bunaithe i dtástálacha struis náisiúnta, an Aontais nó sa Sásra Réitigh Aonair [SMA] go léir in athbhreithnithe cáilíochta sócmhainní nó cleachtaí coibhéiseacha arna seoladh ag an mBanc Ceannais Eorpach [BCE], ag an Údarás Baincéireachta Eorpach [ÚBE] nó ag na húdaráis náisiúnta, i gcás inarb infheidhme, arna ndeimhniú ag an údarás inniúil.

[...]”

### ***Rialachán (AE) Uimh. 806/2014***

- 9 Foráiltear le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnóthais infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO 2014 L 225, lch. 4), dar teideal “an Nós imeachta réitigh”:

“Chun críocha pointe (a) de mhír 1, measfar go bhfuil ag cliseadh ar an eintiteas nó gur dócha go gclisfear air i gceann amháin nó níos mó de na himthosca seo a leanas:

[...]

- d) tá gá le tacaíocht airgeadais phoiblí urghnách ach amháin, chun suaitheadh tromchúiseach i ngeilleagar Ballstáit a leigheas agus cobhsaíocht airgeadais a áirithiú, nuair a bheidh an tacaíocht airgeadais phoiblí urghnách sin in aon cheann de na foirmeacha seo a leanas:

[...]

- iii) instealladh cothromais nó ceannach ionstraimí cothromais ar phraghsanna agus ar théarmaí nach dtugann buntáiste don eintiteas, i gcás nach ann do na himthosca dá dtagraítear i bpointe (a), i bpointe (b) agus i bpointe (c) den mhír seo ná do na himthosca dá dtagraítear in Airteagal 21(1) tráth a dtabharfar an tacaíocht phoiblí.

I ngach ceann de na cásanna dá dtagraítear i bpointí (i), (ii) agus (iii) de phointe (d) den chéad fhomhír, beidh an ráthaíocht nó na bearta coibhéiseacha dá dtagraítear iontu teoranta do na heintitis sócmhainneacha agus beidh siad faoi réir coinníoll formheasa chríochnaithigh faoi chreat Státchabhrach an Aontais. Beidh na bearta sin de chineál réamhchúramach agus sealadach agus beidh siad comhréireach chun iarmhairtí an tsuaite thromchúisigh a leigheas agus ní úsáidfear iad chun cailleanais a bheidh tabhaithe ag an eintiteas, nó ar dócha é go dtabhófar iad amach anseo, a chúiteamh.

Déanfar bearta tacaíochta faoi phointe (d)(iii) den chéad fhomhír a theorannú do na hinstealltaí is gá chun aghaidh a thabhairt ar easnamh cothromais atá bunaithe i dtástálacha struis náisiúnta an Aontais nó SMA go léir in athbhreithnithe cáilíochta sócmhainní nó cleachtaí coibhéiseacha arna

seoladh ag BCE, ag ÚBE nó ag na húdaráis náisiúnta, i gcás inarb infheidhme, arna ndeimhniú ag an údarás inniúil.

[...]”.

### *An Teachtaireacht Bhaincéireachta*

- 10 Foráiltear le pointe 15 den Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm, ón 1 Lúnasa 2013, rialacha maidir le Státchabhair do bhainc i gcomhthéacs na géarchéime airgeadais (an “Teachtairacht Bhaincéireachta”) (IO 2013 C 216, lch. 1):

“Sonraítear go soiléir sa chumarsáid a bhaineann leis an ngéarchéim, go bhfuil na prionsabail ghinearálta a bhaineann le rialú státchabhrach infheidhme fiú le linn na géarchéime. Go háirithe, chun saobhadh iomaíochta idir bainc agus idir Ballstáit sa mhargadh aonair a theorannú, chomh maith le fadhb an bhaoil mhorálta a leigheas, ní mór an chabhair a theorannú don íosmhéid is gá agus a áirithiú go rannchuidíonn an faighteoir go hiomchuí leis na costais athstruchtúraithe. Ní mór don bhanc agus dá scairshealbhóirí rannchuidiú leis an athstruchtúr a oiread agus is féidir ó acmhainní dílse. Ní mór státchabhair a thabhairt ar théarmaí a dhéanann foráil do dháileadh leordhóthanach costas, ionas go n-íocfaidh na daoine sin a d’infheistigh sa bhanc na costais freisin.”

- 11 Baineann Cuid 3 den Teachtaireacht Bhaincéireachta le bearta chun sócmhainní lagaithe a athchaipitliú agus a tharrtháil.

Foráiltear le pointí 40 go 46 de Theideal 3.1.2 de, dar teideal “Comhroinnt ualaigh maidir le scairshealbhóirí agus creidiúnaithe sóisearacha”:

“40. Is féidir le státchabhair baol morálta a chruthú agus an bonn a bhaint de smacht an mhargaidh. Chun an baol morálta sin a laghdú, níor cheart státchabhair a dheonú ach amháin de réir téarmaí lena bhforáiltear do chomhroinnt chothrom na n-ualaí a bhaineann le hinfheisteoirí atá ann cheana.

41. I bprionsabal, de bharr chomhroinnt chothrom na n-ualaí, tar éis cailteanais tosaíochta a ionsú trí chothromas, ginfear ranníocaíochtaí ó shealbhóirí caipitil hibride agus sealbhóirí fiachais fho-ordaithe. Ní mór do shealbhóirí caipitil hibride agus sealbhóirí fiachais fho-ordaithe rannchuidiú, a mhéid is féidir, leis an easnamh cothromais a laghdú. Féadfaidh na ranníocaíochtaí sin a bheith i bhfoirm chomhshó go cothromas Ghnáthchothromas Leibhéal 1 [...] nó i bhfoirm laghdaithe ar luach phríomhshuim na n-ionstraimí. Ar aon chuma, ní mór eis-sreafaí airgid ón tairbhí chuig sealbhóirí na n-urrús sin a sheachaint a mhéid is féidir sin a dhéanamh go dlíthiúil.

42. Ní cheanglóidh an Coimisiún ranníocaíocht ó shealbhóirí fiachas sinsearach (lena n-áirítear ó thaiscí árachaithe, ó thaiscí neamhárachaithe, ó bhannaí agus ó aon fhiachas sinsearach eile) mar chomhpháirt éigeantach de chomhroinnt ualaigh faoi na rialacha maidir le Státchabhair, cibé acu trí chomhshó go cothromas nó trí laghdú ar luach na n-ionstraimí.

43. Más rud é go bhfanann cóimheas chothromas an bhainc a bhfuil easnamh cothromais cruthaithe aige os cionn an íosmhéid rialála arna leagan síos ag an [Aontas], ba cheart go mbeadh an banc in ann, i bprionsabal, a staid airgeadais a ghnóthú trína mhodhanna féin, go háirithe trí na bearta tiomsaithe caipitil dá dtagraítear i bpointe 35. In éagmais aon

fhéidearthachta eile, go háirithe gníomhaíocht mhaoirseachta lena bhforchuirtear, mar shampla, bearta luath-idirghabhála nó bearta ceartaitheacha eile, chun an t-easnamh arna dhearbhu ag an údarás inniúil maoirseachta nó réitigh a leigheas, ní mór fiachais fho-ordaithe a chomhshó ina gcothromas, i bprionsabal sula ndeonaítear stáitchabhair.

44. I gcásanna nach gcomhlíonann an banc na híoscheanglais chothromais rialála a thuilleadh, ní mór na fiachais fho-ordaithe a chomhshó nó a dhíscríobh, i bprionsabal, sula ndeonaítear stáitchabhair. Ní féidir stáitchabhair a dheonú ach amháin tar éis don chothromas, caipítíl hibride agus sealbhóirí fiachais fho-ordaithe rannchuidiú go hiomlán chun aon chaillteanas a fhritháireamh.
45. Féadfar eisceacht ó na ceanglais a leagtar amach i bpointe 43 agus i bpointe 44 a dheonú i gcás ina bhfuil baol ann go gcuirfead cobhsaíocht airgeadais i gcontúirt nó go mbeidh torthaí díréireacha mar thoradh ar bhearta den sórt sin a chur chun feidhme. D'fhéadfaí a áireamh leis an eisceacht sin cásanna ina bhfuil teorainn le méid na cabhrach atá le fáil maidir le sócmhainní an bhainc atá ualaithe ó thaobh riosca de agus ina bhfuil an t-easnamh cothromais laghdaithe go suntasach, go háirithe maidir leis na bearta tiomsaithe caipítíl dá dtagraítear i mír 35. Is féidir freisin torthaí díréireacha a sheachaint agus gan cobhsaíocht airgeadais a chur i mbaol trí bhearta a phleanáil chun aghaidh a thabhairt ar an easnamh cothromais ar bhealach éagsúil.
46. Agus pointe 43 agus pointe 44 á gcur i bhfeidhm, ba cheart go n-urramófaí an prionsabal nach féidir le creidiúnaí ar bith a bheith níos measa as [...]. Mar sin, níor cheart go bhfaigheadh creidiúnaithe fo-ordaithe níos lú, i dtéarmaí eacnamaíocha, ná an luach a bheadh ar a n-ionstraim d'éagmais Stáitchabhrach.”

### **Cúlra na díospóide agus an cinneadh a chonspóidtear**

- 12 Tá cúlra na díospóide leagtha amach i míreanna 1 go 14 den bhreithiúnas faoi achomharc mar seo a leanas:
  - 1 [...] Tá Anthony Braesch, ina ionadaí do shealbhóirí bannaí ar a dtugtar “Floating Rate Equity-Linked Hybrid-FRESH” 2008 (“bannaí FRESH”) agus tá Trinity Investments [...], Bybrook Capital Master Fund [...], Bybrook Capital Hazelton Master Fund [...] agus Bybrook Capital Badminton Fund [...], mar shealbhóirí na mbannaí sin.
  - 2 [I mí] Aibreáin 2008, rinne Banca Monte dei Paschi di Siena (“BMPS”) méadú caipítíl de EUR 950 milliún a bhí in áirithe do J.P. Morgan Securities Ltd (“JPM”), a shuibscríobhadh le scaireanna in BMPS, eadhon, “scaireanna FRESH”. Ag an am céanna, an 16 Aibreán 2008, chuaigh JPM isteach i gconradh ceart úsáide le BMPS, faoina gcoinníonn sé úinéireacht ar na scaireanna sin fad atá BMPS i dteideal cearta úsáide, chomh maith le comhaontú malartaithe cuideachtaí (“conarthaí FRESH”). Fuair JPM na cistí ba ghá chun suibscríobh do scaireanna FRESH ó Bank of New-York Mellon (Lucsamburg), ar cuireadh Mitsubishi UFJ Investor Services & Banking SA (Lucsamburg) (“MUFJ”) ina ionad, a d’eisigh bannaí FRESH an 16 Aibreán 2008, faoi dhlí Lucsamburg, ar shuim EUR 1 bhilliún. Chuaigh JPM isteach i gconradh comhaontú malartaithe le MUFJ faoi réir dhlí Lucsamburg agus chuaigh MUFJ isteach i gconradh muiníneach le sealbhóirí bannaí FRESH faoi réir dhlí Lucsamburg freisin.

Faoi na conarthaí éagsúla sin, arna gcáiliú ag [Braesch agus páirtithe eile] mar “ionstraimí FRESH”, aistríodh na ríchíosanna a fuair JPM ó BMPS faoi chonarthaí FRESH chuig MUFJ agus ansin chuig sealbhóirí bannaí FRESH i bhfoirm dearbhán.

- 3 Le Cinneadh an 27 Samhain 2013, d’fhormheas an Coimisiún [...] an chabhair um athstruchtúrú arna dheonú ag Poblacht na hIodáile do [...] BMPS, ag cur plean agus gealltanais athstruchtúraithe san áireamh. [I mí an] Mheithimh 2015, bhí an chabhair aisíoctha go hiomlán ag BMPS.
- 4 An 29 Iúil 2016, d’fhoilsigh [ÚBE] torthaí na tástála struis ar an leibhéal Eorpach i rith na bliana 2016, inar tugadh le fios go raibh easnamh cothromais ag BMPS laistigh de chreat an cháis dhíobhálaigh.
- 5 An 23 Nollaig 2016, ghlac údaráis na hIodáile decreto-legge Uimh. 237 – Disposizioni urgenti per la tutela del risparmio nel settore creditizio (Dlí Foraithe Uimh. 237 lena leagtar síos forálacha práinneacha maidir le cosaint coigiltis in earnáil an chreidmheasa) (GURI Uimh. 299 an 23 Nollaig 2016), a tiontaíodh go dlí agus a leasaíodh ag legge di conversione (Dlí maidir le comhshó) an 17 Feabhra 2017 (GURI Uimh. 43 an 21 Feabhra 2017) (“Dlí Foraithe 237/2016”) lena leagtar síos an creat dlíthiúil le haghaidh cúnamh leachtachta agus athchaipitliú réamhchúraim
- 6 Tar éis ráiteas ó [BCE] an 23 Nollaig 2016 go raibh BMPS sócmhainneach, d’fhormheas an Coimisiún EUR 15 bhiliún de thacaíocht leachtachta aonair do BMPS go sealadach ar bhonn na ngealltanais a thairg údaráis na hIodáile. Gheall údaráis na hIodáile plean athstruchtúraithe a thíolacadh laistigh de dhá mhí ó deonaíodh na ráthaíochtaí, murar aisíocadh an chabhair laistigh den tréimhse chéanna.
- 7 An 30 Nollaig 2016, tar éis teipe iarracht a dhéanamh caipiteal príobháideach nua a chruinniú, rinne BMPS iarratas ar thacaíocht airgeadais phoiblí urghnách i bhfoirm athchaipitlithe réamhchúraim faoi Dhlí Foraithe 237/2016.
- 8 An 28 Meitheamh 2017, thug údaráis na hIodáile fógra don Choimisiún maidir le cabhair chun BMPS a athchaipitliú ar mhéid EUR 5.4 billiún, in éineacht le plean nua athstruchtúraithe [(“an plean athstruchtúraithe”)] agus gealltanais nua.
- 9 An lá céanna, sheol BCE litir chuig an gCoimisiún ag cur in iúl go raibh BMPS sócmhainneach ar an dáta sin.
- 10 Sa chinneadh [atá i gceist], a glacadh ag deireadh na céime réamhscrúdaithe, rinne an Coimisiún measúnú ar dhá bheart cabhrach. Is éard a bhí sa chéad bheart (“beart 1”) ná EUR 15 bhiliún de chabhair leachtachta i bhfoirm ráthaíochtaí Stáit maidir le fiachais shinsearacha dá dtagraítear i mír 6 [den bhreithiúnas faoi achomharc]. Is éard a bhí sa dara bheart (“beart 2”) ná EUR 5.4 billiún de chabhair athchaipitlithe réamhchúraim le BMPS, dá dtagraítear i mír 8 [den bhreithiúnas faoi achomharc].
- 11 Tar éis dó a mheas gur státchabhair a bhí i mbearta 1 agus 2, chuir an Coimisiún in iúl gurbh é Airteagal 107(3)(b) de CFAE an bunús dlí chun a gcomhoiriúnacht a mheas [leis an margadh inmheánach] a bhaineann le cabhair atá ceaptha chun suaitheadh tromchúiseach i ngeilleagar Ballstáit a leigheas. Mheas sí gur cabhair chun BMPS a athstruchtúrú a bhí i mbearta 1 agus 2



agus scrúdaíodh a gcomhoiriúnacht ar bhonn an phlean um athstruchtúráid maidir leis na sé chumarsáid i ndáil leis an ngéarchéim airgeadais dhomhanda, go háirithe [...] an Teachtaireacht [Bhaincéireachta].

- 12 Maidir le comhoiriúnacht na mbeart cabhrach leis an [sé] chumarsáid maidir leis an ngéarchéim [airgeadais], ar an gcéad dul síos, mheas an Coimisiún go bhféadfadh an plan athstruchtúraithe oiriúnach chun inmharthanacht fhadtéarmach BMPS a athbhunú. Ar an dara dul síos, mheas an Coimisiún gur leor comhroinnt ualaigh na sealbhóirí scaireanna agus urrús fo-ordaithe, sa mhéid is gur teoranta do na costais athstruchtúraithe agus méid na cabhrach don íosmhéid, i gcomhréir le ceanglais na Teachtaireachta maidir leis an mBaincéireacht, agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh bearta leordhóthanacha chun ualach a roinnt sa phlean um athstruchtúráid. Ar an tríú dul síos, mheas sé go raibh cosaintí leordhóthanacha chun saobhadh míchuí ar an iomaíocht a theorannú sa phlean um athstruchtúráid. Thug sé faoi deara freisin gur áirithíodh monatóireacht leordhóthanach ar chur i bhfeidhm an phlean athstruchtúraithe. Dá bhrí sin, tháinig sé ar an gconclúid go raibh na bearta cabhrach comhréireach chun iarmhairtí suaitheadh tromchúiseach i ngeilleagar na hIodáile a leigheas.
- 13 Rinne an Coimisiún scrúdú ansin ar chomhlíonadh na mbeart cabhrach le forálacha Threoir [2014/59]. Mheas sé gur chomhlíon na coinníollacha faoinar deonaíodh na bearta cabhrach (bearta 1 agus 2) an díolúine dá bhforáiltear in Airteagal 32(4)(d) de Threoir 2014/59.
- 14 Sa chuid oibríochtúil den chinneadh [a chonspóidtear], chinn an Coimisiún, ar an gcéad dul síos, gur státchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE a bhí i mbearta 1 agus 2 agus, ar an dara dul síos, gur chomhlíon na bearta sin ceanglais Airteagal 107(3)(b) CFAE agus go raibh siad ag luí leis an margadh inmheánach ar chúiseanna cobhsaíochta airgeadais.”

### **Na himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta agus an breithiúnas faoi achomharc**

- 13 Trí iarratas a taisceadh i gClárlann na Cúirte Ginearálta an 5 Márta 2018, thionscain Braesch agus páirtithe eile caingean chun an cinneadh a chonspóidtear a neamhniú nó, mar mhalairt air sin, an cinneadh sin a neamhniú a mhéid a bhaineann sé le próiseáil na n-ionstraimí FRESH.
- 14 Mar thaca leis an gcaingean sin, bhí Braesch agus páirtithe eile ag brath ar chúig shaincheist dlí, ag líomhain, leis an gcéad saincheist, sárú ar Airteagail 18 agus 21 de Rialachán Uimh. 806/2014 agus an oibleagáid cúiseanna a lua, sa mhéid is gur fhormheas an Coimisiún bearta um chomhroinnt ualaigh go neamhdhleathach, leis an dara saincheist, sárú ar an Teachtaireacht Bhaincéireachta, ar phrionsabail an ionchais dhlísteanaigh, ar an gcóir chomhionann agus ar an oibleagáid cúiseanna a lua, sa mhéid gur éiligh an Coimisiún conarthaí FRESH a chealú, leis an tríú saincheist, sárú ar phrionsabal na córa comhionainne a ráthaítear, go háirithe, le hAirteagail 20 agus 21 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (“an Chairt”), sa mhéid is gur formheas an cinneadh a chonspóidtear bearta idirdhealaitheacha um chomhroinnt ualaigh i gcoinne shealbhóirí na mbannaí FRESH, leis an gceathrú saincheist, sárú ar cearta maoinne shealbhóirí bannaí FRESH, a ráthaítear, go háirithe, le hAirteagal 17 den Chairt, trí fhormheas a dhéanamh ar chur i bhfeidhm beart comhroinnte ualaigh ar ionstraimí FRESH agus, leis an gcúigiú saincheist, sárú ar Airteagal 108(2) agus (3) CFAE, ar Airteagal 4(3) agus (4) de Rialachán 2015/1589 agus a chearta nós imeachta, sa mhéid is nach raibh tús curtha ag an gCoimisiún leis an

nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil, cé go raibh amhras tromchúiseach ann faoi na bearta comhroinnte ualaigh a formheasadh leis an gcinneadh a chonspóidtear a bheith ag luí le dlí an Aontais.

- 15 Trí dhoiciméad ar leith a taisceadh i gClárlann na Cúirte Breithiúnais an 16 Bealtaine 2018, d'ardaigh an Coimisiún pléadail do-ghlacthachta faoi Airteagal 130(1) agus (7) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ghinearálta, inar éiligh sé go raibh an chaingean a thionscain Braesch agus páirtithe eile do-ghlactha ar an bhforas nach raibh leas dlíthiúil ná seasamh aige chun imeachtaí a thionscnamh, de réir bhrí Airteagal 263(4) CFAE. Chuir Braesch agus páirtithe eile a bharúlacha ar an eisceacht sin isteach an 10 Iúil 2018.
- 16 Chuir na páirtithe a n-argóintí ó bhéal, a bhfreagraí ar na ceisteanna scríofa a chuir an Chúirt agus a bhfreagraí ar na ceisteanna ó bhéal a chuir an Chúirt Bhreithiúnais ag éisteacht an 9 Iúil 2020.
- 17 Leis an mbreithiúnas faoi achomharc, dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta, don phléadail do-ghlacthachta a d'ardaigh an Coimisiún. Tar éis a cinneadh, i mír 35 go mír 41 den bhreithiúnas sin, go raibh an stádas “leasa” agus “páirtithe leasmhara” ag Braesch agus páirtithe eile de réir bhrí Airteagal 108(2) CFAE agus Airteagal 1(h) de Rialachán 2015/1589 faoi seach, chinn an Chúirt Ghinearálta ar thaobh amháin, i míreanna 43 go 55 den bhreithiúnas sin go raibh leas acu, ar dtús, in imeachtaí a thionscnamh, tar éis a chruthú, de réir an chaighdeáin dhlíthiúil is gá, gur dócha go dtabharfadh neamhniú an chinnidh a bhí faoi dhíospóid sochar dóibh, agus, ar an taobh eile, i míreanna 56 go 64 den bhreithiúnas sin, go raibh *locus standi* acu, de réir bhrí Airteagal 263(4) CFAE, ós rud é gur bhain an cinneadh a chonspóidtear go díreach agus go leithleach leo mar “pháirtithe leasmhara” le “leas”.

### **Argóintí na bpáirtithe os comhair na Cúirte Breithiúnais**

- 18 Trína achomharc, iarrann an Coimisiún ar an gCúirt Bhreithiúnais:
  - an breithiúnas atá faoi achomharc a chur ar ceal;
  - rialú a thabhairt í féin ar an gcaingean ag an gcéad chéim, an chaingean a dhíbhe toisc é a bheith do-ghlactha, agus
  - a ordú do Braesch agus páirtithe eile na costais a íoc.
- 19 Iarrann Braesch agus páirtithe eile ar an gCúirt Bhreithiúnais:
  - an t-achomharc a dhíbhe agus
  - a ordú don Choimisiún na costais a íoc.

### **An t-achomharc**

- 20 Mar thaca lena achomharc, ardaíonn an Coimisiún foras achomhairc aonair, ag líomhain go ndearna an Chúirt Ghinearálta léiriú mícheart ar Airteagal 108(2) CFAE agus Airteagal 1(h) de Rialachán 2015/1589 a mhéid a chinn sí go raibh an stádas “leasa” agus “páirtithe leasmhara” ag Braesch agus páirtithe eile de réir bhrí na bhforálacha sin.

### *Argóintí na bpáirtithe*

- 21 Áitíonn an Coimisiún, má chumhdaíonn an coincheap “páirtí leasmhar”, mar a shainmhínítear in Airteagal 1(h) de Rialachán 2015/1589, atá comhchiallach leis an gcoincheap “leasa”, de réir bhrí Airteagal 108(2) CFAE sraith neamhchinntithe de sheolaithe, ní féidir leis, i mbaol brí a bhaint as an gceanglas nach mór do dhuine a bheith ina “pháirtí leasmhar”, de réir bhrí Airteagal 1(h) sin, chun a bheith in ann a mheas go bhfuil baint dhíreach nó leithleach aige i gcinneadh arna ghlacadh ar bhonn Airteagal 4(3) den Rialachán sin, ní áirítear leis ach daoine a thaispeánann gur dócha go mbeidh tionchar nithiúil ag an státchabhair i gceist ar a staid iomaíoch.
- 22 Ar an gcéad dul síos, is léir ó chásdlí na Cúirte sa réimse seo nár ghlac sí ach le daoine a léirigh tionchar den chineál sin mar pháirtithe leasmhara, fiú mura raibh na daoine sin ina n-iomaitheoirí díreacha ar thairbhí na cabhrach. Ina theannta sin, i mbreithiúnais an 9 Iúil 2009, *3F v an Coimisiún* (C-319/07 P, EU:C:2009:435, mír 33), agus an 24 Bealtaine 2011, *an Coimisiún v Kronoply agus Kronotex* (C-83/09 P, EU:C:2011:341, mír 63), faoi seach, mheasfaí gur páirtithe leasmhara iad ceardchumann oibrithe agus ceannaitheoirí an amhábhair chéanna le tairbhí na cabhrach mar gheall ar an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag an gcabhair atá i gceist ar a seasamh iomaíoch ar an margadh.
- 23 Ina dhiaidh sin, déantar an léiriú sin a thacú le hAirteagal 1(h) de Rialachán 2015/1589. Go deimhin, bheadh sé mar rud amháin i gcoiteann ag na páirtithe leasmhara atá liostaithe mar léiriú san fhoráil sin gur dócha go mbeadh tionchar, fabhrach nó neamhfabhrach, ar a n-iomaíochas.
- 24 Ar deireadh, is léir ón scéim ghinearálta agus ó na críocha a bhaineann le státchabhair a rialú go bhfuil an rialú seo dílsithe don Choimisiún mar údarás iomaíochta amháin agus, dá bhrí sin, i bhfeidhmiú na cumhachta sin, níl an institiúid sin ceaptha chun beartais nach mbaineann le hiomaíocht a fhorchur ar na Ballstáit, mar a chinn an Chúirt i mbreithiúnas an 22 Meán Fómhair 2020, *an Ostair v an Coimisiún* (C-594/18 P, EU:C:2020:742). Ina theannta sin, i mbreithiúnas an 6 Samhain 2018, *Scuola Elementare Maria Montessori v an Coimisiún, an Coimisiún v Scuola Elementare Maria Montessori agus an Coimisiún v Ferracci* (C-622/16 P go C-624/16 P, EU:C:2018:873, mír 43, mír 46 agus mír 47), tar éis di a chinneadh gurb é cuspóir rialacha an Aontais maidir le státchabhair an iomaíocht a chosaint, chinn sí, chun go mbeidh baint dhíreach acu le cinneadh ina leith sin, nach mór do na hiarratasóirí a chruthú gur dócha go gcuirfeadh an cinneadh sin faoi mhíbhuntáiste iomaíochta iad.
- 25 Leanann sé as sin nach féidir a áireamh sa choincheap “páirtithe leasmhara”, a shainmhínítear ina theannta sin in Airteagal 1(h) de Rialachán 2015/1589 mar aon duine “a bhféadfadh deonú cabhrach difear a dhéanamh dá leasanna”, daoine ar féidir leo agóid a dhéanamh nach mbaineann leis an státchabhair atá i gceist, ach a bhaineann le gnéithe eile den bheart ginearálta Stáit a chuireann an chabhair sin chun feidhme, nó fiú maidir le bearta Stáit eile a ghabhann leis an státchabhair.
- 26 Go deimhin, is féidir le go leor daoine agóid a dhéanamh i gcoinne beart Stáit a chuireann cabhair i bhfeidhm nó a ghabhann le cabhair, trí imní amháin a chur in iúl, ní hamháin nach mbaineann le hiomaíocht, ach le neamhspleách ar an gcabhair atá i gceist freisin. Ar an taobh eile, d’iomaitheoirí thairbhí na státchabhrach, is é deonú cabhrach den sórt sin an fáth a bhfuil imní orthu. Chun a bheith ina cháiliú mar “pháirtí leasmhar”, bheadh ar dhuine mar sin imní a chur in iúl a bhaineann ar bhealach éigin le hiomaíocht sa chiall is leithne, fiú mura bhfuil an duine sin ina iomaitheoir ar an tairbhí na cabhrach.

- 27 Is léir ón méid sin, sa bhreithiúnas faoi achomharc, gur thug an Chúirt Ghinearálta léiriú earráideach ar an gcoincheap “páirtí leasmhar” a mhéid is gur chuir sí i bhfeidhm é ar bhonn sainmhínithe oscailte ar an gcoincheap sin lena n-áirítear aon duine atá in ann aon tionchar féideartha a léiriú mar thoradh ar an gcabhair, nó fiú bearta Stáit eile a ghabhann leis an gcabhair sin. Bhraith an Chúirt Ghinearálta fiú ar éifeachtaí indíreacha agus eacnamaíocha amháin nach raibh baint ar bith acu le hiomaíocht.
- 28 Mar sin, bhain an Chúirt Ghinearálta de thátal mícheart, i míreanna 37 agus 41 den bhreithiúnas faoi achomharc, gur dócha go mbeadh tionchar nithiúil ag an gcinneadh a chonspóidtear ar chás Braesch agus páirtithe eile ar an bhforas go ndearnadh foráil sa phlean um athstruchtúrú BMPS don fhéidearthacht conarthaí FRESH a chur ar ceal agus, mar gheall ar an idirspleáchas idir na naisc chonarthaacha éagsúla is bun le hionstraimí FRESH, go mbeadh an damáiste eacnamaíoch a bheadh mar thoradh air go fadtéarmach, i bhfianaise an chaillteanais ar íocaíochtaí dearbhán a bhaineann leis na bannaí FRESH, suntasach.
- 29 Ní bheadh cealú na gconarthaí FRESH mar iarmhairt ar an stáitchabhair a deonaíodh do BMPS, ach ar chinneadh ar leithligh údaráis na hIodáile chun comhroinnt ualaigh a fhorchur ar scairshealbhóirí agus ar fhochreidiúnaithe BMPS, a bheadh curtha san áireamh i bplean athstruchtúraithe BMPS. Fiú dá gcinnfeadh údaráis na hIodáile BMPS a athstruchtúrú in éagmais stáitchabhrach, d’fhéadfaidís na bearta um chomhroinnt ualaigh a fhorchur, lena n-áirítear cealú na gconarthaí FRESH, chun easnamh chothromas BMPS a laghdú. Mar sin tá na bearta sin neamhspleách ar an stáitchabhair a chinn údaráis na hIodáile a dheonú do BMPS. Thairis sin, is iad na conarthaí FRESH a cuireadh ar ceal an conradh úsáide agus an comhaontú malartaithe cuideachta a rinneadh idir JPM agus BMPS, mar a luaitear i bpointe 2 den bhreithiúnas faoi achomharc, cé nach raibh sealbhóirí bannaí FRESH ina bpáirtithe sna conarthaí sin.
- 30 Dá bhrí sin, is de chineál eacnamaíoch agus indíreach amháin a bheadh aon tionchar a bheadh ag na bearta comhroinnte ualaigh ar chás Braesch agus páirtithe eile, trí na naisc chonarthaacha éagsúla is bonn d’ionstraimí FRESH.
- 31 Dá réir sin tá ceithre earráid dlí ar a laghad sa réasúnaíocht i mír 40 den bhreithiúnas faoi achomharc.
- 32 Ar an gcéad dul síos, dearbhaíonn an Chúirt Ghinearálta go mícheart nach bhfuil sé ábhartha nach gcuireann Braesch agus páirtithe eile in aghaidh chomhoiriúnacht na mbeart cúnaimh atá i gceist leis an margadh inmheánach, ach go ndearbhaíonn imthosca den sórt sin go sainráite nach bhfuil sé ag cur in aghaidh na cabhrach a deonaíodh do BMPS amhlaidh, ach na bearta um chomhroinnt ualaigh a d’eascair as cinneadh neamhspleách a rinne údaráis na hIodáile, a chruthaíonn nach bhféadfadh an chabhair sin difear a dhéanamh dá staid i ndáil le hiomaíocht.
- 33 Ar an dara dul síos, dá gcinnfeadh an Chúirt Ghinearálta go ceart go bhfuil gealltanais údaráis na hIodáile maidir leis an bplean um athstruchtúrú agus comhroinnt na n-ualaí mar “chuid lárnach” de na bearta cabhrach dá dtugtar fógra, ní bheadh an cinneadh sin ábhartha chun seasamh a chinneadh. Mar is léir ó bhreithiúnas an 15 Deireadh Fómhair 2015, *Iglesias Gutiérrez agus Rion Bea* (C-352/14 agus C-353/14, EU:C:2015:691, mír 28), bheadh an t-údarú arna dheonú ag an gCoimisiún bunaithe ar na hipitéisí fíorasacha a thíolacfaidh an Ballstát lena mbaineann, cibé acu san fhógra a thug sé nó ina ghealltanais, ionas, mura gcloíonn an Ballstát sin leis na hipitéisí fíorasacha sin, go ndéanfaidh sé beart atá difriúil go fíorasach ón mbeart a d’fhormheas an Coimisiún agus nach mbeadh clúdaithe faoin údarú sin a thuilleadh. Mar sin féin, ós rud é go

- rialaíonn an Coimisiún stáitchabhair mar údarás iomaíochta, ní bheadh sé mar thoradh air sin go ndéanfaí aon duine a bhfuil inní air faoi aon cheann de na hipitéisí fíorasacha sin a mheas mar “pháirtí leasmhar”, de réir bhrí Airteagal 1(h) de Rialachán 2015/1589.
- 34 Ar an tríú dul síos, d’áitigh an Chúirt Ghinearálta go mícheart go bhfuil na bearta cabhrach ar tugadh fógra ina leith agus na gealltanais a thíolaic údaráis na hIodáile agus a bhí ina n-ábhar do mheasúnú an Choimisiúin “doscartha, sa mhéid is go bhfuil an coinníoll deiridh maidir le dearbhú comhréireachta”. Tá an ráiteas sin contrártha le míreanna 99 agus 100 de bhreithiúnas an 19 Iúil 2016, *Kotnik agus Eile* (C-526/14, EU:C:2016:570), ónar léir nach gá chun na críche sin beart Stáitchabhrach le pointí 40 go 46 den Teachtaireacht Bhaincéireachta maidir leis an earnáil baincéireachta a chomhlíonadh, más leor don Choimisiún a dhearbhu go bhfuil an beart sin ag luí leis an margadh inmheánach. Níor ceanglaíodh ar Phoblacht na hIodáile, dá bhrí sin, na bearta comhroinnte ualaigh a bhí beartaithe sa Teachtaireacht sin a ghlacadh.
- 35 Ar an gceathrú dul síos, chinn an Chúirt Ghinearálta go mícheart, ós rud é gur údaraigh an cinneadh a chonspóidtear cur chun feidhme na mbeart cabhrach “agus na gealltanais á ndéanamh ina gceangal”, go raibh tionchar riachtanach ag an méid sin ar chás Braesch agus páirtithe eile, mar ní fhéadfadh sé a leasanna a chosaint ach amháin trí iarraidh go ndéanfaí an cinneadh sin a neamhniú ina iomláine. Ní dharna an cinneadh sin gealltanais údaráis na hIodáile ina gceangal ar dhóigh ar bith. Bheadh sé glactha faoi Airteagal 4(3) de Rialachán 2015/1589, bunaithe ar na gealltanais dheonacha a rinne na húdaráis sin, lena n-áirítear na bearta um chomhroinnt ualaigh. Ós rud é nár “cinneadh coinníollach” de réir bhrí Airteagal 9(4) den Rialachán sin an cinneadh a chonspóidtear, níor fhorchuir sé, agus ní d’fhéadfadh sé, coinníollacha a fhorchur ar an mBallstát sin ná ar thríú páirtithe.
- 36 Áitíonn Braesch agus páirtithe eile nár léirigh an Coimisiún go bhfuil an léiriú ar Airteagal 1(h) de Rialachán 2015/1589 arna dhéanamh ag an gCúirt Ghinearálta mar thoradh ar earráid dlí.
- 37 Ar an gcéad dul síos, níl aon bhunús leis an líomhain go n-éilíonn an cháilíocht mar “pháirtí leasmhar” i gcásdlí na Cúirte go mbeadh tionchar díobhálach ag an gcabhair ar an duine lena mbaineann i ndáil le hiomaíocht. Go háirithe, i mbreithiúnas an 9 Iúil 2009, *3F v an Coimisiún* (C-319/07 P, EU:C:2009:435), agus an 24 Bealtaine 2011, *an Coimisiún v Kronoply agus Kronotex* (C-83/09 P, EU:C:2011:341), chinn an Chúirt go raibh na hiarratasóirí ina bpáirtithe leasmhara toisc go raibh tionchar díobhálach ag an gcabhair dóibh. Ní luaitear sa réasúnaíocht a ghlac an Chúirt gur cheart go mbainfeadh an tionchar sin lena seasamh iomaíoch ar an margadh.
- 38 Ina dhiaidh sin, níl aon bhunús leis an argóint go gcuireann Airteagal 1(h) de Rialachán 2015/1589 srian ar choincheap na “bpáirtithe leasmhara” d’eintitis atá in iomaíocht le tairbhí na cabhrach. Ar thaobh amháin, ceadaítear go sainráite leis an bhforáil sin gnóthas nach bhfuil i gcuidreamh iomaíoch le tairbhí na cabhrach a mheas mar pháirtí leasmhar sa chás go bhféadfadh deonú na cabhrach difear a dhéanamh dá leasanna. Ar an taobh eile, de réir chásdlí socraithe na Cúirte, a leagtar amach, go háirithe, i mbreithiúnas an 13 Meitheamh 2019, *Copebi* (C-505/18, EU:C:2019:500, mír 34), níl liosta na gcatagóirí atá ann ach tascach agus téann an coincheap “páirtí leasmhar” thar thairbhí na cabhrach nó a chuid iomaitheoirí ós rud é go gcumhdaíonn sé sraith neamhchinntithe faighteoirí lena n-áirítear na daoine go léir a ndéanann deonú na cabhrach difear dá leas.
- 39 Ar deireadh, maidir leis an scéim ghinearálta agus críocha rialaithe na Stáitchabhrach, tá breithiúnas an 6 Samhain 2018, *Scuola Elementare Maria Montessori v an Coimisiún, an Coimisiún v Scuola Elementare Maria Montessori agus an Coimisiún v Ferracci* (C-622/16 P go

C-624/16 P, EU:C:2018:873 mír 43, mír 46 agus mír 47), neamhábhartha, ós rud é go mbaineann sé leis an gcoinníoll go gcaithfidh údar na gníomhaíochta a dhírítear i gcoinne gnímh a bheith bainteach go díreach leis, de réir bhrí Airteagal 263(4) CFAE, agus ní ar an nóisean “páirtí leasmhar”, de réir bhrí Airteagal 1(h), de Rialachán 2015/1589. Níl breithiúnas an 22 Meán Fómhair 2020, *an Ostair v an Coimisiún* (C-594/18 P, EU:C:2020:742), ábhartha ach an oiread, ós rud é nach dtugtar aghaidh ar léirmhíniú an choincheapa “páirtí leasmhar” ann. Ar aon chuma, deimhnítear leis an mbreithiúnas sin go bhfuil na cumhachtaí ag an gCoimisiún chun scrúdú a dhéanamh ní hamháin ar thionchar birt a bhaineann le hiomaíocht, ach ar dhlíthiúlacht an bhirt sin ina iomláine freisin agus gur féidir leis gnéithe éagsúla neamhiomaíocha a chur san áireamh. Mar sin, sa chinneadh a chonspóidtear, rinne an Coimisiún measúnú ar chomhoiriúnacht na mbeart atá i gceist le Treoir 2014/59.

- 40 Maidir leis na hargóintí nach bhfuil tionchar ag an gcinneadh a chonspóidtear ar Braesch agus páirtithe eile ach amháin ó thaobh eacnamaíoch de agus nach ndéanann sé ach ábhair imní nach mbaineann le hiomaíocht a agairt, is argóintí bréagacha iad. D’fhéadfadh deonú na cabhrach atá i gceist difear sonrach a dhéanamh dá staid dhlíthiúil, toisc go gcuirfeadh an cinneadh sin cealú ar aionstraimí FRESH ina gceangal ar Phoblacht na hIodáile agus ar BMPS. Ina theannta sin, is é Braesch agus páirtithe eile sprioc shonrach na mbeart um chomhroinnt ualaigh, ar cuid de na gealltanais iad agus arb éard iad, mar is léir ó aithrisí 101 go 110 den chinneadh faoi chonspóid, coinníoll maidir le comhoiriúnacht na cabhrach leis an margadh inmheánach, i gcomhréir leis an Teachtaireacht Bhaincéireachta.
- 41 Mar sin, níor dharna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí nuair a chinn sí, ar na cúiseanna atá leagtha amach i mír 40 den bhreithiúnas faoi achomharc, go bhféadfaí Braesch agus páirtithe eile a aicmiú mar “pháirtithe leasmhara” nó “leasa”, de réir brí Airteagal 1(h) de Rialachán 2015/1589 agus Airteagal 108(2) CFAE faoi seach, ar an bhforas gur dócha go mbeidh tionchar nithiúil ar a gcás ag na bearta Státchabhrach atá i gceist, mar a fógraíodh agus mar a dhearbhaítear a bheith ag luí leis an margadh inmheánach sa chinneadh atá á chonspóid.
- 42 Níl cealú na n-ionstraimí FRESH mar thoradh ar ghlacadh Dhlí Foraithe 237/2016 ag údaráis na hIodáile. Ní dhéanadh aon tagairt sa Dlí Foraithe, ina liostaítear go sonrach ionstraimí caipitil BMPS atá faoi réir comhroinnte ualaigh, d’ionstraimí FRESH. Léiríonn ríomhphost a sheol BMPS chuig Braesch agus páirtithe eile an 19 Meán Fómhair 2017 freisin gur éiligh an Coimisiún go gcuirfí na bearta a ghlac údaráis na hIodáile i bhfeidhm ar chonarthaí FRESH, rud a léiríonn nach raibh feidhm ag na bearta sin, faoi dhlí na hIodáile, maidir leis na conarthaí sin agus nach gcuirfí i bhfeidhm iad gan idirghabháil na hinstiúide sin, a mheas í féin gur cheart na bearta sin a chur i bhfeidhm faoin bplean um athstruchtúrú a bhí ceangailteach leis an gcinneadh atá faoi dhíosóid.
- 43 Bheadh sé neamhábhartha ina leith sin dá gcinnfeadh údaráis na hIodáile BMPS a athstruchtúrú in éagmais státchabhrach, d’fhéadfaidís na bearta um chomhroinnt ualaigh a fhorchur, lena n-áirítear cealú na gconarthaí FRESH, chun easnamh chothromas BMPS a laghdú. Tá sé fós fíor, go ndearnadh BMPS a athstruchtúrú trí bhíthin státchabhrach agus gur glacadh na foraithe lena leagtar síos na bearta um chomhroinnt ualaigh faoi víosa na cumarsáide a bhaineann leis an earnáil baincéireachta, rud a dhearbhaíonn an nasc doscartha idir an chabhair agus na bearta comhroinnte ualaigh.

- 44 Ní mhíniú an Coimisiúin cén fáth go bhfuil baol ann go mbeadh tionchar nithiúil ag cinneadh na Cúirte Ginearálta i mír 40 maidir leis an mbreithiúnas faoi achomharc, arna bhfógairt agus arna ndearbhú a bheith ag luí leis an margadh inmheánach sa chinneadh a chonspóidtear, ar staid Braesch agus páirtithe eile, i bhfianaise na gcúiseanna a thug an Chúirt Ghinearálta sa bhreithiúnas sin.
- 45 Ar an gcéad dul síos, toisc nach gcuireann Braesch agus páirtithe eile i gcoinne chomhoiriúnacht na mbearta cabhrach atá i gceist leis an margadh inmheánach, ní léiríonn sé sin nach bhféadfadh na bearta sin tionchar a bheith acu ar a gcás maidir le hiomaíocht, ach léiríonn sé cásdlí na Cúirte amháin, a leagtar síos go háirithe i mbreithiúnas an 24 Bealtaine 2011, *an Coimisiún v Kronoply agus Kronotex* (C-83/09 P, EU:C:2011:341, mír 59), ar dá réir a bhfuil stádas páirtithe leasmhara ag daoine mar gheall ar shárú a gcearta nós imeachta, gan a cheangal orthu freisin ceisteanna a ardú a bhaineann le comhoiriúnacht na cabhrach leis an margadh inmheánach.
- 46 Ar an dara dul síos, ní léir ó aon sliocht sa bhreithiúnas faoi achomharc go gcaithfear a mheas gur páirtí leasmhar iad aon duine a bhfuil aon imní air faoi cheann de na hipitéisí fíorasacha a cuireadh i láthair san fhógra nó sna gealltanais. Sonraíonn an Chúirt Ghinearálta, i mír 41 den bhreithiúnas sin, gurb é an fhíríc go bhfuil baol ann go mbeadh tionchar nithiúil ag na bearta cabhrach i dtrácht, mar a fógraíodh agus mar a dearbhaíodh go bhfuil siad ag luí leis an margadh inmheánach sa chinneadh a chonspóidtear, ar staid Braesch agus páirtithe eile a thug bonn cirt dá stádas mar “pháirtithe leasmhara”.
- 47 Ar an tríú dul síos, tá sé mícheart nár ceanglaíodh ar údaráis na hIodáile na bearta comhroinnte ualaigh a beartaíodh sa Teachtaireacht Bhaincéireachta a ghlacadh agus, dá bhrí sin, chinn an Chúirt Ghinearálta go mícheart go raibh na gealltanais sin coinníollach ar dhearbhu comhréireachta na cabhrach a deonaíodh do BMPS leis an margadh inmheánach. Aithníonn an Coimisiún féin cineál ceangailteach na mbearta sin, rud a chiallaíonn, má imíonn an Ballstát ó na hipitéisí fíorasacha a thíolacfar don institiúid sin, cuirfidh sé beart fíorasach i bhfeidhm ón gceann a formheasadh agus nach mbeidh cumhdaithe faoi údarú na hinstiúide sin. Tháinig an Chúirt ar an gconclúid chéanna i mír 100 de bhreithiúnas an 19 Iúil 2016, *Kotnik agus Eile* (C-526/14, EU:C:2016:570), nuair a chinn sí go bhfuil sé d’oibleagáid ar an mBallstát lena mbaineann, cé nach bhfuil sé faoi oibleagáid bearta comhroinnte ualaigh a fhorchur faoin Teachtaireacht Bhaincéireachta, bearta comhroinnte ualaigh a fhorchur, chun go measfar go bhfuil an chabhair ag luí leis an margadh inmheánach. Ar aon chuma, sa chás seo, bheadh bearta den sórt sin, atá mar chuid de na gealltanais a rinne údaráis na hIodáile, ina réamhriachtanas le haghaidh chomhoiriúnacht na cabhrach leis an margadh inmheánach, mar is léir ó aithrisí 101 go 110 den chinneadh a chonspóidtear.
- 48 Ar an gceathrú dul síos, dhiúltaigh an Chúirt cheana féin don argóint nach bhfuil an Coimisiún in ann na gealltanais a thairgeann na Ballstáit agus na tairbhíthe a athrú go coinníollacha chun cabhair a fhorghas i mbreithiúnas an 3 Aibreán 2014, *an Coimisiún v an Ísiltír agus ING Groep* (C-224/12 P, EU:C:2014:213, mír 80 agus mír 81) inar chinn sí gur féidir leis an gCoimisiún gealltanais arna ndéanamh ag na Ballstáit a fhorchur mar choinníoll chun go measfar go bhfuil an chabhair ag luí leis an margadh inmheánach.

### ***Breithniú na Cúirte Breithiúnas***

- 49 Leis an achomharc seo, déanann an Coimisiún an Chúirt Ghinearálta a cháineadh go bunúsach as earráid dlí a bheith déanta aici nuair a chinn sí, i míreanna 35 go 41 agus 58 den bhreithiúnas faoi achomharc, go raibh seasamh ag Braesch agus páirtithe eile chun caingean a tionscnamh faoi

Airteagal 263 CFAE chun an cinneadh a chonspóidtear a neamhniú, lenar mheas an institiúid sin gurbh ionann an chabhair i gceist a chuir Poblacht na hIodáile in iúl di faoi Airteagal 108(3) CFAE agus “Státchabhair”, de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE, atá ag luí leis an margadh inmheánach, de réir Airteagal 107(3)(b) CFAE.

- 50 Ós rud é gur díriodh an cinneadh sin chuig an mBallstát sin agus ní chuig Braesch agus páirtithe eile, tá sé tábhachtach a mheabhrú go ndéantar foráil le hAirteagal 263(4) CFAE do dhá chás ina ndeonaítear seasamh chun imeachtaí a thionscnamh do dhuine nádúrtha nó dlítheanach chun caingeán a thabhairt i gcoinne gníomh de chuid an Aontais nach bhfuil dírithe chuig an duine sin. Ar thaobh amháin, féadfar caingeán den sórt sin a thionscnamh ar choinníoll go mbaineann an gníomh sin leis go díreach agus go leithleach. Ar an taobh eile, féadfaidh duine den sórt sin caingeán a thabhairt i gcoinne gníomh rialúcháin is dá chúram go díreach agus nach bhfuil bearta cur chun feidhme ag gabháil leis (breithiúnas an 30 Meitheamh 2022, *Danske Slagtermestre v an Coimisiún*, C-99/21 P, EU:C:2022:510, mír 41 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 51 Maidir leis an gceist cibé an mbaineann an cinneadh a chonspóidtear go díreach agus go leithleach le Braesch agus páirtithe eile, de réir bhrí na forála sin, a scrúdaigh an Chúirt Ghinearálta sa bhreithiúnas atá faoi achomharc amháin, is léir ó chásdlí socraithe na Cúirte nach féidir le daoine seachas na daoine a ndírítear cinneadh chucu a éileamh go mbaineann an cinneadh sin leo ach amháin má dhéantar dífeall dóibh mar gheall ar an gcinneadh sin de bharr tréithe áirithe atá sainiúil dóibh nó de bharr cúinsí nach mbaineann le duine ar bith eile, agus mar thoradh ar na fachtóirí sin déantar iad a idirdhealú ar an dóigh chéanna leis na daoine ar a bhfuil an cinneadh dírithe (féach, go háirithe, breithiúnais an 15 Iúil 1963, *Plaumann v an Coimisiún*, 25/62, EU:C:1963:17, lch. 223, agus an 15 Iúil 2021, *Deutsche Lufthansa v an Coimisiún*, C-453/19 P, EU:C:2021:608, mír 33).
- 52 Ós rud é go mbaineann an caingeán ag an gcéad chéim le cinneadh arna ghlacadh ag an gCoimisiún maidir le Státchabhair, ba cheart a mheabhrú freisin, i gcomhthéacs an nós imeachta chun státchabhair a rialú dá bhforáiltear in Airteagal 108 CFAE, nach mór idirdhealú a dhéanamh idir, ar thaobh amháin, céim an réamhscrúdaithe ar an gcabhair a thionscnaítear i mír 3 den Airteagal sin, arb é an t-aon chuspóir atá léi ná a chumasú don Choimisiún tuairim tosaigh a thabhairt ar chomhoiriúnacht pháirteach nó iomlán na cabhrach atá i gceist leis an margadh inmheánach, agus, ar an taobh eile, céim an scrúdaithe dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal sin. Is de réir an Airteagail sin amháin, atá beartaithe chun a chumasú don Choimisiún faisnéis iomlán a bheith aige ar fhíorais uile an cháis, a fhoráiltear leis an gConradh d’oibleagáid, ar an institiúid sin, fógra a thabhairt do na páirtithe lena mbaineann a mbarúlacha a thíolacadh (féach, go háirithe, breithiúnais an 17 Meán Fómhair 2015, *Mory agus Eile v an Coimisiún*, C-33/14 P, EU:C:2015:609, mír 94, agus an 15 Iúil 2021, *Deutsche Lufthansa v an Coimisiún*, C-453/19 P, EU:C:2021:608, mír 35).
- 53 Dá bhrí sin, mar a thug an Chúirt Ghinearálta le fios go ceart i mír 59 den bhreithiúnas faoi achomharc, i gcás ina gcinnfidh an Coimisiún, gan an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil dá bhforáiltear le hAirteagal 108(2) CFAE a thionscnamh, trí chinneadh arna ghlacadh ar bhonn mír 3 den Airteagal céanna, go bhfuil cabhair ag luí leis an margadh inmheánach, ní fhéadfaidh tairbhíthe na ráthaíochtaí nós imeachta sin a áirithiú go gcomhlíonfar na ráthaíochtaí sin ach amháin má tá siad in ann agóid a dhéanamh i gcoinne an chinnidh sin os comhair Chúirteanna an Aontais. Ar na cúiseanna sin, tá caingeán ag iarraidh cinneadh den sórt sin a neamhniú, arna tionscnamh ag páirtí leasmhar, de réir bhrí Airteagal 108(2) CFAE, inghlactha nuair a bheidh údar an ghnímh seo ag iarraidh, trína thabhairt isteach, na cearta nós imeachta a fhaigheann sé ón bhforáil dheireanach sin a chosaint (féach, go háirithe, breithiúnais an 19 Bealtaine 1993,



*Cook v an Coimisiún*, C-198/91, EU:C:1993:197, míreanna 23 go 26; an 15 Meitheamh 1993, *Matra v an Coimisiún*, C-225/91, EU:C:1993:239, míreanna 17 go 19, chomh maith le 15 Iúil 2021, *Deutsche Lufthansa v an Coimisiún*, C-453/19 P, EU:C:2021:608, mír 36).

- 54 Ar an lámh eile, má dhéanann an t-iarratasóir agóid in aghaidh thuilleanas an chinnidh chun measúnú a dhéanamh amhlaidh ar an gcabhair ar bhonn Airteagal 108(3) CFAE nó tar éis an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil, díreach go bhféadfaí an t-iarratasóir a mheas mar pháirtí leasmhar de réir Airteagal 108(2) CFAE, ní hionann sin amháin le rá go bhfuil an chaingean inghlactha. Ní mór don iarratasóir sin a léiriú ansin go bhfuil stádas speisialta aige, de réir bhrí an chásdlí a luaitear i mír 51 den bhreithiúnas sin. Tá sé sin fíor go háirithe nuair a bhíonn tionchar suntasach ag an gcabhair is ábhar don chinneadh atá i gceist ar sheasamh an iarratasóra ar an margadh (féach, go háirithe, breithiúnais an 17 Meán Fómhair 2015, *Mory agus Eile v an Coimisiún*, C-33/14 P, EU:C:2015:609, mír 95, chomh maith le breithiúnais an 15 Iúil 2021, *Deutsche Lufthansa v an Coimisiún*, C-453/19 P, EU:C:2021:608, mír 37).
- 55 Sa chás seo, is comhthionscnamh é gur glacadh an cinneadh a chonspóidtear ag deireadh na céime réamhscrúdaithe, dá bhforáiltear le hAirteagal 108(3) CFAE agus dá dtagraítear in Airteagal 4(3) de Rialachán 2015/1589, agus dá bhrí sin gan an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil, dá bhforáiltear in Airteagal 108(2) CFAE agus dá dtagraítear in Airteagal 4(4) den Rialachán sin, a thionscnamh. Mar sin féin, mar a thug an Chúirt Ghinearálta faoi deara i míreanna 32 agus 60 den bhreithiúnas faoi achomharc, ní dhéantar a dhíospóid ach an oiread gur éiligh Braesch agus páirtithe eile, trína chúigiú saincheist dlí a ardaíodh os comhair na Cúirte Ginearálta chun an cinneadh sin a neamhniú, gur sáraíodh na cearta nós imeachta a líomhnaítear a thagann as Airteagal 108(2) CFAE agus Airteagal 6(1) den Rialachán sin.
- 56 Sna himthosca sin, bhí an ceart ag an gCúirt Ghinearálta, chun a chinneadh cibé an mbaineann an cinneadh a chonspóidtear go díreach agus go leithleach le Braesch agus páirtithe eile, de réir bhrí Airteagal 263(4) CFAE, a scrúdú an bhfuil stádas “páirtí leasmhar” aige, de réir bhrí Airteagal 108(2) CFAE. Mar is léir ón gcásdlí dá dtagraítear i mír 53 den bhreithiúnas seo, comhlíonann iarratasóir a bhfuil an stádas sin aige na critéir sin agus, dá bhrí sin, tá sé i dteideal caingean le haghaidh neamhniú a thionscnamh atá dírithe i gcoinne cinneadh den sórt sin chun a chearta nós imeachta a chosaint.
- 57 Ní mór a thabhairt le tuiscint, áfach, go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí i míreanna 37, 40, 41 agus 58 den bhreithiúnas faoi achomharc agus í á rá go raibh an stádas sin ag Braesch agus páirtithe eile sa chás seo.
- 58 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú go bhfuil an sainmhíniú ar an gcoincheap “leasa”, mar a eascraíonn sé ó chásdlí na Cúirte, arna chódú ag reachtas an Aontais in Airteagal 1(h) de Rialachán CE Uimh. 659/1999 ón gComhairle an 22 Márta 1999 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Airteagal [108 CFAE] (IO 1999 L 83, lch. 1), ar cuireadh Airteagal 1(h) de Rialachán 2015/1589, ina ionad. Leis an bhforáil dheireanach sin, sainmhínítear an coincheap gaolmhar “páirtí leasmhar” mar “aon Bhallstát agus aon duine, gnóthas nó comhlachas gnóthas a bhféadfadh deonú cabhrach agus, go háirithe, tairbhí na cabhrach, gnóthais iomaíocha agus comhlachais ghairmiúla difear a dhéanamh dá leasanna” (féach, chuige sin, breithiúnas an 2 Meán Fómhair 2021, *Ja zum Nürnburgring v an Coimisiún*, C-647/19 P, EU:C:2021:666, mír 56 agus an cásdlí dá dtagraítear).

- 59 Cé go n-áirítear mar sin go háirithe leis an gcoincheap “páirtí leasmhar” a shainmhínítear san fhoráil deiridh sin, go háirithe, gnóthais atá in iomaíocht le tairbhí na cabhrach (féach, chuige sin, go háirithe, breithiúnais an 3 Meán Fómhair 2020, *Vereniging tot Behoud van Natuurmonumenten in Nederland agus Eile v an Coimisiún*, C-817/18 P, EU:C:2020:637, mír 50, chomh maith le 15 Iúil 2021, *Deutsche Lufthansa v an Coimisiún*, C-453/19 P, EU:C:2021:608, mír 36), is é fírinne an scéil fós go dtagraíonn an coincheap sin, mar a thug an Chúirt faoi deara i gceart i mír 35 den bhreithiúnas faoi achomharc de sraith neamhchinntithe faighteoírí (féach, chuige sin, breithiúnais an 24 Bealtaine 2011, *an Coimisiún v Kronoply agus Kronotex* C-83/09 P, EU:C:2011:341, mír 63), chomh maith leis an 7 Aibreán 2022, *Solar Ileias Bompaina v an Coimisiún*, C-429/20 P, EU:C:2022:282, mír 34).
- 60 Mar sin, is léir ó chásdlí na Cúirte go bhféadfar gnóthas nach iomaitheoir díreach ar thairbhí na cabhrach a aicmiú mar “pháirtí leasmhar” mar sin féin, de réir bhrí Airteagal 1(h) de Rialachán 2015/1589, ar choinníoll go bhfuil sé léirithe aige go bhféadfadh tionchar a bheith ag deonú na cabhrach sin ar a leasanna, rud a éilíonn air a léiriú gur dócha go mbeidh tionchar nithiúil ag an gcabhair sin ar a chás (féach, chuige sin, breithiúnais an 24 Bealtaine 2011, *an Coimisiún v Kronoply agus Kronotex* C-83/09 P, EU:C:2011:341, míreanna 64 agus 65), chomh maith leis an 7 Aibreán 2022, *Solar Ileias Bompaina v an Coimisiún*, C-429/20 P, EU:C:2022:282, mír 35). Dá bhrí sin, ní gá go dtoimhdíonn stádas “páirtí leasmhar” go bhfuil caidreamh iomaíoch ann (breithiúnas an 2 Meán Fómhair 2021, *Ja zum Nürburgring v an Coimisiún*, C-647/19 P, EU:C:2021:666, mír 58).
- 61 Tar éis di, i mír 36 den bhreithiúnas faoi achomharc, an cásdlí sin a thabhairt chun cuimhne, chinn an Chúirt Ghinearálta, i míreanna 37 go 41 agus 58 den bhreithiúnas sin, gur léirigh Braesch agus páirtithe eile, go dtí an caighdeán dlí is gá, go raibh “baol ann” go mbeidh tionchar nithiúil, de réir théarmaí mhír 37 agus mhír 41 den bhreithiúnas sin, agus fiú “go bhfuil” de réir théarmaí mhír 58 den bhreithiúnas sin, ag deonú na cabhrach atá i gceist ar a gcás, agus dá bharr sin go gcaithfidh siad a bheith cáilithe mar “pháirtithe leasmhara” de réir bhrí Airteagal 1(h) de Rialachán 2015/1589.
- 62 Chun an chonclúid sin a bhaint amach, thug an Chúirt Ghinearálta dá haire, i mír 39 den bhreithiúnas faoi achomharc, de réir Braesch agus páirtithe eile, go ndéanann an chuid den chinneadh a chonspóidtear a bhaineann leis na bearta um chomhroinnt ualaigh difear dá leasanna, sa mhéid go ndéantar foráil sa phlean um athstruchtúrú, arna fhormheas ag an gCoimisiún, don fhéidearthacht conarthaí FRESH a chur ar ceal agus, mar gheall ar an idirspleáchas idir na naisc chonarthaí éagsúla is bun le hionstraimí FRESH, rud a tharla níos déanaí chun aimhleasa dóibh, agus go mbeadh an damáiste eacnamaíoch fadtéarmach mar thoradh air, i bhfianaise an chaillteanais ar íocaíochtaí dearbhán a bhaineann leis na bannaí FRESH, suntasach.
- 63 Chuige sin, shonraigh an Chúirt Ghinearálta, i mír 40 den bhreithiúnas faoi achomharc, nach raibh sé ábhartha nach ndearna Braesch agus páirtithe eile agóid i gcoinne chomhoiriúnacht na státchabhrach i gceist leis an margadh inmheánach, de réir bhrí Airteagal 107(3)(b) CFAE, ós rud é gur cuid dhílis den chabhair dá dtugtar fógra iad gealltanais údaráis na hIodáile a bhaineann leis an bplean um athstruchtúrú agus leis na bearta comhroinnte ualaigh, ionas go mbaineann an cinneadh a chonspóidtear leis an gcabhair sin agus leis na gealltanais sin ina n-iomláine. De réir na Cúirte Ghinearálta, a mhéid atá an chabhair sin agus na gealltanais arna measúnú ag an gCoimisiún doscartha, sa mhéid is go bhfuil, ar thaobh amháin, coinníoll leis na gealltanais sin dearbhú comhréireachta na cabhrach atá i gceist agus, ar an taobh eile, d’údaraigh an cinneadh a chonspóidtear iad sin a chur chun feidhme agus na gealltanais sin á ndéanamh ceangailteach, go

ndéanfadh na heilimintí sin go léir difear do chás Braesch agus páirtithe eile, ní féidir leis na hiarratasóirí sin a leasanna a chosaint ach amháin trí iarraidh go ndéanfaí an cinneadh sin a neamhniú ina iomláine.

- 64 Ba cheart a mheabhrú, i gcomhréir le hAirteagal 4(3) den Rialachán sin, i gcás ina gcinnfidh an Coimisiún, ag deireadh na céime réamhscrúdaithe a bunaíodh le hAirteagal 108(3) CFAE, gur “Státchabhair” é an beart dá dtugtar fógra, de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE, nach n-ardaíonn amhras faoina chomhoiriúnacht leis an margadh inmheánach, glacann sé cinneadh gan agóidí a dhéanamh, trína ndearbhaíonn sé go bhfuil an beart sin ag luí leis an margadh inmheánach, de bhun Airteagal 107(3) CFAE.
- 65 Sa chás seo, mar is léir ón mbreithiúnas faoi achomharc, go háirithe míreanna 8 go 12 agus 14, tar éis don Choimisiún, sa chinneadh a chonspóidtear, a mheas, ag deireadh na céime réamhscrúdaithe, go raibh an plean um athstruchtúrú agus na gealltanais a thairg Poblacht na hIodáile go raibh siad oiriúnach chun inmharthanacht fhadtéarmach BMPS a athbhunú agus go bhfuil na bearta chun sealbhóirí scaireanna agus urrús fo-ordaithe dá bhforáiltear iontu a leithdháileadh teoranta don íosmhéid docht, i gcomhréir leis an Teachtaireacht Bhaincéireachta, méid na cabhrach i dtrácht ar thug an Ballstát sin fógra dó, gur mheas sé gur “Státchabhair” de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE a bhí sa chabhair sin, a d’fhéadfaí a mheas a bheith comhoiriúnach leis an margadh inmheánach ar chúiseanna cobhsaíochta airgeadais, de réir Airteagal 107(3)(b) CFAE.
- 66 Ba chóir a thabhairt faoi deara ag an tús, trína gcaingean ag an gcéad chéim, nach ndéanann Braesch agus páirtithe eile, mar a dheimhnigh sé go minic ag an éisteacht os comhair na Cúirte Breithiúnais agus mar is léir cheana ó mhír 63 den bhreithiúnas seo, díospóid faoi chineál “Státchabhair” na cabhrach atá i gceist nó a chomhoiriúnacht leis an margadh inmheánach, ach is ábhar inní amháin é, mar is léir ó mhír 28 go mír 32 den bhreithiúnas faoi achomharc, an chomhréireacht maidir le dlí an Aontais, go háirithe Treoir 2014/59 de Rialachán Uimh. 806/2014, an ceart chun maoine a chumhdaítear in Airteagal 17 den Chairt agus roinnt prionsabail ghinearálta de dhlí an Aontais, ar cuid de na bearta um chomhroinnt ualaigh ar thug Poblacht na hIodáile fógra ina leith, atá sa phlean um athstruchtúrú a bhfuil cur síos orthu sa chinneadh seo agus a léirítear sna gealltanais a leagtar amach san iarscríbhinn a ghabhann leis.
- 67 I dtaca leis sin, is comhthionscnamh é go bhforáiltear leis na bearta comhroinnte ualaigh dá dtagraítear sa chinneadh a chonspóidtear, mar is léir ó mhír 39 agus mír 58 den bhreithiúnas faoi achomharc, gan é sin a bheith á chonspóid ag an gCoimisiún, an fhéidearthacht na conarthaí FRESH a rinneadh idir BMPS agus JPM a neamhniú chun fo-urrúis BMPS a chomhshó go cothromas.
- 68 Mar sin féin, trína dhearbhu, i míreanna 37, 40, 41 agus 58 den bhreithiúnas faoi achomharc, go dtagann an tionchar sin ar leasanna fochreidiúnaithe BMPS ón státchabhair atá i gceist agus, dá bhrí sin, ón gcinneadh a chonspóidtear, ar an bhforas gur cuid dhílis den chabhair dá dtugtar fógra iad na bearta comhroinnte ualaigh dá dtagraítear ann, mar an gcéanna leis an bplean um athstruchtúrú agus leis na gealltanais arna dtíolacadh ag údaráis na hIodáile, ionas go ndéanfaidh an Coimisiún, leis an gcinneadh sin, na bearta sin ina gceangal, is é sin le rá, thug an Chúirt Ghinearálta neamhaird ar rialacha dhlí an Aontais a rialaíonn raon feidhme an chinnidh sin agus, mar gheall air sin, rinne sí earráid dlí a fhágann go raibh an breithiúnas sin mídhleathach.

- 69 Tá rialú déanta ag an gCúirt Bhreithiúnais cheana féin, i gcás ina n-ionchorpraítear le beart cabhrach dá dtugtar fógra, ar thogra ón mBallstát lena mbaineann, gealltanais arna ndeonú ag an mBallstát lena mbaineann, gur gá a mheas, chun críocha a fhíorú an bhfuil an t-údarú chun beart cabhrach den sórt sin a chur chun feidhme arna dheonú ag an gCoimisiún ag deireadh na céime réamhscrúdaithe fós infheidhme i gcúinsí ina líomhnaítear nár chomhlíon an Ballstát i gceist na gealltanais sin, gur cuid dhílis den bheart údaraithe iad, ós rud é gur chuir an institiúid sin san áireamh iad i gcomhthéacs an mheasúnaithe ar chomhoiriúnacht na státchabhrach atá i gceist leis an margadh inmheánach, ionas nach mbeidh an t-údarú sin bailí ach amháin sa mhéid go n-urramaítear na gealltanais sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 15 Deireadh Fómhair 2015, *Iglesias Gutiérrez agus Rion Bea*, C-352/14 agus C-353/14, EU:C:2015:691, mír 28).
- 70 Ní chiallaíonn sé sin, áfach, nach mór a mheas go bhfuil gealltanais den sórt sin á bhforchur ag an gCoimisiún agus go bhfuil a n-éifeachtaí díobhálacha féideartha ar thríú páirtithe inchurtha i leith an chinnidh a ghlac an institiúid sin.
- 71 Leis an gcinneadh a chonspóidtear, arna ghlacadh ag deireadh na céime réamhscrúdaithe de bhun Airteagal 108(3) CFAE agus Airteagal 4(3) de Rialachán 2015/1589, níor fhorchuir an Coimisiún, d'fhonn a mheas an raibh an státchabhair i dtrácht ina cúis le hamhras i dtaobh a comhoiriúnachta leis an margadh inmheánach, na heilimintí atá sa phlean um athstruchtúrú agus na gealltanais a thíolaic an Ballstát sin, lena n-áirítear, go háirithe, na bearta chun sealbhóirí scaireanna agus urrús fo-ordaithe a leithdháileadh, ar Phoblacht na hIodáile.
- 72 Chuige sin, ba cheart a chur in iúl, mar is léir ó mhíreanna 52 go 54 agus 64 den bhreithiúnas seo, nach féidir leis an gCoimisiún, trí bhíthin cinnidh amhail an cinneadh a chonspóidtear, aon rud a fhorchur ná a thoirmeasc ar an mBallstát lena mbaineann, agus go bhfuil sé i dteideal an chabhair bheartaithe arna chur in iúl ag an mBallstát sin a fhormheas amháin, trí chinneadh gan agóidí a dhéanamh, á dhearbhu go bhfuil an chabhair sin ag luí leis an margadh inmheánach. Ar an taobh eile, i gcás go bhfuil amhras ar an gCoimisiún maidir le comhoiriúnacht na cabhrach dá dtugtar fógra leis an margadh inmheánach, ceanglaítear air an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil dá bhforáiltear in Airteagal 108(2) CFAE agus dá dtagraítear in Airteagal 4(4) de Rialachán 2015/1589 a thionscnamh.
- 73 Dá bhrí sin, sa chás seo, ní mór a chinneadh gur chuir an Coimisiún srian air féin, tríd an gcinneadh a chonspóidtear, d'údarú do Phoblacht na hIodáile an státchabhair i dtrácht a chur chun feidhme, ag tabhairt dá haire an creat fíorasach a shainigh an Ballstát sin roimhe sin sa phlean um athstruchtúrú agus na gealltanais a thug sé fógra ina leith faoi Airteagal 108(3) CFAE, chun deireadh a chur le haon amhras faoi chomhoiriúnacht na cabhrach sin leis an margadh inmheánach, de réir bhrí Airteagal 107(3)(b) CFAE.
- 74 Ba faoi Phoblacht na hIodáile dá bhrí sin a fhíorú go mbeadh sí in ann na gealltanais a chuimsítear san údarú a deonaíodh leis an gcinneadh sin a chomhlíonadh. Mar sin, bhí sé freagrach, go háirithe, as a áirithiú gur chomhlíon na gealltanais sin a reachtaíocht náisiúnta agus dlí ábhartha an Aontais (féach, chuige sin, breithiúnas an 15 Deireadh Fómhair 2015, *Iglesias Gutiérrez agus Rion Bea*, C-352/14 agus C-353/14, EU:C:2015:691, mír 29).
- 75 Dá bhrí sin, ní mór an cinneadh atá á chonspóid a aicmiú mar chinneadh lena gcuirtear san áireamh na gealltanais a rinne an Ballstát lena mbaineann go deonach le linn na céime fógra a thabhairt maidir leis an státchabhair atá i gceist (féach, chuige sin, breithiúnas an 13 Meitheamh 2013, *Ryanair v an Coimisiún* (C-287/12 P, nár foilsíodh, EU:C:2013:395, mír 67). Fiú ag glacadh leis gur bhrúigh an Coimisiún, mar a d'áitigh Braesch agus páirtithe eile, ar údaráis

na hIodáile conarthaí FRESH a áireamh sna bearta atá beartaithe, is é fírinne an scéil fós go bhfuil an cuimsiú sin nasctha, ar aon chuma, le gealltanais a rinne Poblacht na hIodáile, agus nach bhfuil forchurtha ag an gCoimisiún leis an gcinneadh a chonspóidtear.

- 76 Chuir an Coimisiún in iúl mar is ceart, ina achomharc agus ag an éisteacht os comhair na Cúirte Breithiúnais, nach mór idirdhealú a dhéanamh idir cinneadh lena bhformheastar státchabhair a bheith ag luí leis an margadh inmheánach ag deireadh na céime réamhscrúdaithe, amhail an cinneadh a chonspóidtear, nach ndéanann an Coimisiún agóidí i gcoinne na cabhrach sin, agus “cinneadh coinníollach”, de réir bhrí Airteagal 9(4) de Rialachán 2015/1589, arna ghlacadh ag deireadh an nós imeachta um imscrúdú foirmiúil, trína ngabhfaidh an Coimisiún féin lena chinneadh lena bhformheastar coinníollacha Státchabhrach a chumasaíonn dó comhoiriúnacht leis an margadh inmheánach agus oibleagáidí a chumasaíonn dó faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an chinnidh sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 13 Meitheamh 2013, *Ryanair v an Coimisiún* (C-287/12 P, nár foilsíodh, EU:C:2013:395, mír 67).
- 77 Dá bhrí sin, ní féidir a mheas gur leis an gcinneadh féin a chuir na bearta comhroinnte ualaigh ar thug Poblacht na hIodáile fógra ina leith sa chás seo i gcomhthéacs an nós imeachta réamh-imscrúdaithe, ós rud é go dtagann na bearta sin as gníomhartha arna nglacadh ag an mBallstát sin amháin.
- 78 Mar sin, ar thaobh amháin, ní raibh aon bhac orthu fógra a thabhairt faoi phlean athstruchtúraithe agus faoi ghealltanais ina raibh bearta éagsúla, fiú dá gceanglófaí ar an gCoimisiún, sa chás seo, an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil dá bhforáiltear in Airteagal 108(2) CFAE agus dá dtagraítear in Airteagal 4(4) de Rialachán 2015/1589 a thionscnamh (féach, chuige sin, breithiúnas an 19 Iúil 2016, *Kotnik agus Eile*, C-526/14, EU:C:2016:570, míreanna 43 agus 44).
- 79 Ar an láimh eile, cé go n-údaráíonn sé do Phoblacht na hIodáile an chabhair atá fógartha a íoc, gan oibleagáid uirthi déanamh amhlaidh (féach, go háirithe, breithiúnas an 20 Bealtaine 2010, *Todaro Nunziatina & C.*, C-138/09, EU:C:2010:291, míreanna 52 agus 53, chomh maith le hordú an 30 Bealtaine 2018, *Yanchev*, C- 481/17, nár foilsíodh, EU:C:2018:352, míreanna 22 agus 23), ní hionann an cinneadh a chonspóidtear agus teideal dlíthiúil ar a mbonn a bhféadfaí BMPS a thoirmeasc ó dhearbháin a íoc le sealbhóirí bannaí FRESH, toisc den sórt sin nach bhfuarthas foinse sa chinneadh sin ach i ndlí na hIodáile.
- 80 Leanann sé as sin, contrártha leis an méid a chinn an Chúirt Ghinearálta, nach ndearna an Coimisiún na bearta comhroinnte ualaigh dá dtagraítear sa chinneadh a chonspóidtear a fhorchur nó a bheith ceangailteach ag an gCoimisiún sa chinneadh sin, ach gur bearta náisiúnta amháin iad a dtugann Poblacht na hIodáile fógra dóibh, de bhun Airteagal 108(3) CFAE, faoina freagracht féin, a chuir an Coimisiún san áireamh mar fhianaise fhíorasach chun a mheasúnú an bhféadfaí, d'éagmais aon amhras ina leith sin, a dhearbhú go bhfuil an státchabhair i gceist ag luí leis an margadh inmheánach ag deireadh na céime réamhscrúdaithe.
- 81 Dá réir sin, ní féidir a mheas mar iarmhairt cheangailteach ag an gcinneadh a chonspóidtear cealú na gconarthaí FRESH, a mhaíonn Braesch agus páirtithe eile gur dócha go ndéanfadh sé damáiste suntasach eacnamaíoch dóibh mar shealbhóirí bannaí FRESH, ós rud é nach bhfuil sé mar thoradh ar chur chun feidhme na cabhrach atá i gceist. Eascraíonn sé, ar an taobh eile, ó na bearta a ghlac an Ballstát a thug fógra don Choimisiún maidir leis an gcabhair sin, a bhfuil baint dhíreach acu leo ach atá sainiúil ó thaobh dlí de. Ní bhaineann sé le hábhar gur ghlac an Ballstát sin na bearta sin, go háirithe, d'fhonn cinneadh a fháil ón gCoimisiún lena n-údaráítear an chabhair sin agus go bhfuil siad ina n-ábhar do ghealltanais a chuir an institiúid sin san áireamh i gcinneadh den sórt sin.

- 82 Ní dócha go gcuirfean an tátal seo faoi cheist ag na hargóintí a chuir Braesch agus páirtithe eile i dtaca lena ghníomh.
- 83 Ar an gcéad dul síos, maidir lena n-argóint atá bunaithe ar na hiarmhairtí a eascraíonn as sárú ar na bearta comhroinnte ualaigh dá dtagraítear sa chinneadh a chonspóidtear, is fíor, mar is léir ó mhír 69 den bhreithiúnas seo, nach bhfuil an t-údarú chun an státchabhair i dtrácht a chur chun feidhme, arna dheonú ag an gCoimisiún sa chinneadh sin, bailí ach amháin sa mhéid go gcomhlíontar na fachtóirí go léir a chuirfidh an institiúid sin san áireamh sa chinneadh sin chun críocha measúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht na cabhrach sin leis an margadh inmheánach.
- 84 Dá bhrí sin, dá ndéanfaí neamhaird ar ghealltanais Phoblacht na hIodáile maidir le comhroinnt ualaigh, amhail dearbháin a íoc le sealbhóirí ionstraimí airgeadais a chumhdaítear leis na gealltanais sin, d'fhéadfaí mí-úsáid na cabhrach atá i gceist, de réir bhrí Airteagal 108(2) CFAE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 1(g) de Rialachán 2015/1589, a bheith ann. I gcás den sórt sin, d'úsáidfeadh an tairbhí an chabhair sin de shárú ar chinneadh arna ghlacadh de bhun Airteagal 4(3) den Rialachán sin, de réir bhrí Airteagal 1(g), ós rud é go gcuirfeadh an chabhair sin chun feidhme mar sin atá éagsúil leis an gcabhair a d'fhormheas an Coimisiún sa chinneadh a chonspóidtear (féach, chuige sin, breithiúnas an 7 Aibreán 2022, *Autonome Provinz Bozen*, C-102/21 agus C-103/21, EU:C:2022:272, mír 38).
- 85 Dá bhrí sin, d'fhéadfadh an Coimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán 2015/1589, tús a chur leis an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil dá bhforáiltear in Airteagal 108(2) CFAE agus dá dtagraítear in Airteagal 4(4) den Rialachán sin, d'fhonn a cheangal ar Phoblacht na hIodáile an chabhair a cuireadh i bhfeidhm go míchuí a tharraingt siar nó a mhodhnú agus, más iomchuí, a ordú, de bhun Airteagal 16(1) den Rialachán sin, atá infheidhme *mutatis mutandis* maidir leis an nós imeachta sin de réir Airteagal 20 den Rialachán sin, méideanna na cabhrach a íocadh go neamhdhleathach a athshlánú.
- 86 Ina theannta sin, d'fhéadfaí a mheas freisin gur “chabhair nua”, de réir bhrí Airteagal 1(c) de Rialachán 2015/1589 arna léamh i gcomhar le hAirteagal 1(b) de, é an chabhair a chuirfí chun feidhme atá éagsúil ón méid a bhí fógartha agus a bhí údaraithe ag an gCoimisiún leis an gcinneadh a chonspóidtear, a bheadh, arna dheonú de shárú ar an abairt dheireanach d'Airteagal 108(3) CFAE, ina “cabhair neamhdhleathach” de réir bhrí Airteagal 1(f) den Rialachán sin, ionas go d'fhéadfadh cúirteanna náisiúnta a n-athshlánú a ordú freisin (féach, de réir analaí, breithiúnas an 5 Márta 2019, *Eesti Pagar*, C-349/17, EU:C:2019:172, míreanna 87 go 89).
- 87 Mar sin féin, dá bhféadfaí a cheangal ar Phoblacht na hIodáile mar sin an chabhair atá i gceist a ghnóthú, ní hé sin an fáth gur fhorchuir an Coimisiún na bearta comhroinnte ualaighatá leagtha amach san iarscríbhinn a ghabhann leis an gcinneadh a chonspóidtear, níl cumhacht den sórt sin ag an gCoimisiún, mar a thugtar faoi deara i mír 72 den bhreithiúnas seo, i gcomhthéacs chéim an réamhscrúdaithe, ach bheadh sé, mar is léir ó mhíreanna 84 agus 86 den bhreithiúnas sin, ar an bhforas nach mbeadh an chabhair sin ag freagairt a thuilleadh do na bearta ar thug an Ballstát sin fógra fúthu faoi Airteagal 108(3) CFAE agus dá bhrí sin nach mbeadh sí clúdaithe a thuilleadh leis an údarú cur chun feidhme arna dheonú ag an gCoimisiún sa chinneadh sin, de bhun Airteagal 107(3)(b) CFAE.
- 88 Ar an dara dul síos, maidir le hargóint Braesch agus páirtithe eile maidir leis an Teachtaireacht Bhaincéireachta go gcuirfeadh an Teachtaireacht sin de choinníoll le haon chabhair a dheonaítear do bhainc i gcomhthéacs na géarchéime airgeadais go nglacfaí bearta comhroinnte ualaigh comhoiriúnacht leis an margadh inmheánach, ní mór a thabhairt faoi deara go ndearna

an Coimisiún scrúdú, in aithrisí 101 go 110 den chinneadh a chonspóidtear, mar a chuir Braesch agus páirtithe eile in iúl go ceart, agus mar is léir ó mhír 12 den bhreithiúnas atá á achomharc, ar chomhréireacht na cabhrach atá i gceist le forálacha na cumarsáide sin, chun a áirithiú go bhfuil méid na cabhrach sin teoranta don íosmhéid is gá, chun saobhadh na hiomaíochta sa mhargadh inmheánach a laghdú agus chun baoil mhorálta a leigheas trína áirithiú go rannchuidíonn scairshealbhóirí agus fochreidiúnaithe BMPS go hiomchuí, i gcomhréir le míreanna 40 go 46 den chumarsáid sin, le costais an athstruchtúraithe trí chomhroinnt leordhóthanach na n-ualaí.

- 89 Ós rud é go raibh fógra tugtha ag Poblacht na hIodáile, sa chás seo, do bhearta comhroinnte ualaigh chun go n-údaróidh an Coimisiún dóibh an chabhair i dtrácht a dheonú, bhí ar an gCoimisiún scrúdú den sórt sin a dhéanamh freisin.
- 90 Trí rialacha iompair a ghlacadh, amhail na cinn atá leagtha amach sa Teachtaireacht Bhaincéireachta, d'fhonn na critéir a bhunú ar a bhfuil sé beartaithe aici measúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht na cabhrach atá beartaithe ag na Ballstáit leis an margadh inmheánach agus trína fhógairt trína bhfoilsíú go gcuirfidh sé i bhfeidhm feasta iad maidir leis na cásanna lena mbaineann siad, féinteorainn i bhfeidhmiú na cumhachta lánroghnaí a fhágtar dóibh le hAirteagal 107(3)(b) CFAE ina leith sin, agus ní féidir léi na rialacha sin a bhriseadh faoi bhagairt go bhfaighfear, nuair is iomchuí, go bhfuil prionsabail ghinearálta an dlí á sárú aige, amhail an chóir chomhionann nó ionchais dhlisteanacha a chosaint (féach, chuige sin, breithiúnas an 19 Iúil 2016, *Kotnik agus Eile*, C-526/14, EU:C:2016:570, míreanna 30 go 40 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 91 Mar sin féin, is é fírinne an scéil fós, mar a dúirt an Chúirt Bhreithiúnais cheana féin, cé gur coinníoll, i bprionsabal, atá leordhóthanach chun a dhearbhu go bhfuil an chabhair ag luí leis an margadh inmheánach go bhforáiltear le státchabhair do bheart comhroinnte ualaigh a chomhlíonann na critéir a leagtar amach san fhógra sin, agus go háirithe ag pointe 44, níl fíorghá leis chun na críche sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 19 Iúil 2016, *Kotnik agus Eile* C-526/14, EU:C:2016:570, mír 99).
- 92 Trí na rialacha iompair atá sa Teachtaireacht Bhaincéireachta a ghlacadh, níl an Coimisiún teoranta ach amháin maidir le feidhmiú a chumhachta lánroghnacha, sa chiall, má thugann Ballstát fógra dó maidir le tionscadal státchabhrach a chomhlíonann na rialacha sin, ní mór don institiúid sin, i bprionsabal, an tionscadal sin a údarú. Mar sin féin, coimeádann na Ballstáit an rogha fógra a thabhairt don Choimisiún faoi thionscadail státchabhrach nach gcomhlíonann na critéir a leagtar síos sa Teachtaireacht sin agus, mar is léir ó phointe 45 de, féadfaidh an institiúid sin tionscadail den sórt sin a údarú i gcúinsí eisceachtúla (féach, chuige sin, breithiúnas an 19 Iúil 2016, *Kotnik agus Eile* C-526/14, EU:C:2016:570, mír 43).
- 93 Ní féidir leis an gCoimisiún, trí rialacha iompair a ghlacadh, feidhmiú na cumhachta lánroghnaí a thugtar dó le hAirteagal 107(3)(b) CFAE a tharscaoileadh. Dá bhrí sin ní scaoiltear an Coimisiún óna oibleagáid scrúdú a dhéanamh ar na himthosca sonracha eisceachtúla a ndéanann Ballstát agairt orthu, i gcás áirithe, chun a iarraidh go gcuirfear an fhoráil sin i bhfeidhm go díreach agus chun údar a thabhairt lena diúltú iarratas den sórt sin a dheonú (breithiúnas an 19 Iúil 2016, *Kotnik agus Eile*, C-526/14, EU:C:2016:570, mír 41 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 94 Leanann sé as sin nach bhfuil an Teachtaireacht Bhaincéireachta in ann oibleagáidí neamhspleácha a chruthú ar thaobh na mBallstát, ach go bhfuil sí teoranta do choinníollacha a bhunú atá dírithe ar chomhoiriúnacht na mbanc arna ndeonú leis an margadh inmheánach a áirithiú i gcomhthéacs na géarchéime airgeadais, nach mór don Choimisiún a chur san áireamh

agus corrlach lánroghnach leathan atá ar fáil dó faoi Airteagal 107(3)(b) CFAE á fheidhmiú aige. Dá bhrí sin, níl aon éifeacht cheangailteach ag an Teachtaireacht sin ar na Ballstáit agus, go háirithe, ní féidir leis a cheangal orthu bearta comhroinnte ualaigh a chur i gcrích (féach, chuige sin, breithiúnas an 19 Iúil 2016, *Kotnik agus Eile*, C-526/14, EU:C:2016:570, míreanna 44, 45 agus 70).

- 95 Dá réir sin, ní cheanglaítear ar Bhallstát a cheangal ar bhainc atá i gcruachás, roimh aon stáitchabhair a dheonú, urrús fo-ordaithe a chomhshó ina gothromas nó laghdú ar a luach a dhéanamh ná na hurrúis sin a ranníoc go hiomlán le hionsú na gcaillteanas. I gcás den sórt sin, ní féidir a mheas, áfach, go bhfuil an Stáitchabhair atá beartaithe teoranta don íosmhéid docht is gá, de réir téarmaí phointe 15 den Teachtaireacht Bhaincéireachta, ós rud é go bhfuil an Ballstát agus na bainc a bhaineann tairbhe as an Stáitchabhair atá beartaithe i mbaol ansin go gcuirfear ina choinne ag cinneadh ón gCoimisiún á dhearbhuí nach bhfuil siad ag luí leis an margadh inmheánach (féach, chuige sin, breithiúnas an 19 Iúil 2016, *Kotnik agus Eile* C-526/14, EU:C:2016:570, mír 100).
- 96 Ar an tríú dul síos, maidir le hargóint Braesch agus páirtithe eile atá bunaithe ar an oibleagáid atá ar an gCoimisiún comhréireacht na mbeart go léir a dtugann Poblacht na hIodáile fógra ina leith le dlí an Aontais a fhíorú, ba cheart a thabhairt faoi deara, de réir cásdlí seanbhunaithe, nach féidir an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 108 CFAE toradh a bheadh contrártha d'fhorálacha sonracha an Chonartha a thabhairt (breithiúnais an 15 Meitheamh 1993, *Matra v an Coimisiún*, C-225/91, EU:C:1993:239, mír 41; an 19 Meán Fómhair 2000, *an Ghearmáin v an Coimisiún*, C-156/98, EU:C:2000:467, mír 78, agus an 15 Aibreán 2008, *Nuova Agricast*, C-390/06, EU:C:2008:224, mír 50). Mar sin, ní féidir a dhearbhuí go bhfuil cabhair a sháraíonn forálacha nó prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais ag luí leis an margadh inmheánach (breithiúnais an 15 Aibreán 2008, *Nuova Agricast*, C-390/06, EU:C:2008:224, mír 50, agus an 22 Meán Fómhair 2020, *an Ostair v an Coimisiún*, C-594/18 P, EU:C:2020:742, mír 44).
- 97 Nuair atá téarmaí cabhrach chomh dlúth sin le cuspóir na cabhrach nach bhféadfaí iad a mheasúnú ar leithligh, ní mór a n-éifeacht ar chomhoiriúnacht nó neamh-chomhoiriúnacht na cabhrach ina hiomláine a mheasúnú tríd an nós imeachta dá bhforáiltear le hAirteagal 108 CFAE (féach, chuige sin, breithiúnais an 22 Márta 1977, *Iannelli agus Volpi*, 74/76, EU:C:1977:51, mír 14), agus an 15 Meitheamh 1993, *Matra v an Coimisiún*, C-225/91, EU:C:1993:239, mír 41).
- 98 Rialaigh an Chúirt Bhreithiúnais mar sin nach féidir a dhearbhuí go bhfuil stáitchabhair i bhfabhar gníomhaíocht eacnamaíoch a bhaineann le hearnáil an fhuinnimh núicléach, a léiríonn a scrúdú go sáraíonn sí rialacha dhlí an Aontais maidir leis an gcomhshaol, ag luí leis an margadh inmheánach de bhun Airteagal 107(3)(c) CFAE (breithiúnas an 22 Meán Fómhair 2020, *an Ostair v an Coimisiún*, C-594/18 P, EU:C:2020:742, mír 45). Tá an ghníomhaíocht eacnamaíoch atá i gcroílár an tionscadail a mhaoinítear le cabhair doscartha ó chuspóir na cabhrach, ionas go gceanglaíodh ar an gCoimisiún a áirithiú, sa chás ba bhun leis an mbreithiúnas sin, nár sháraigh an tionscadal maoinithe don ghléasra cumhachta núicléiche atá i gceist na rialacha sin de dhlí an Aontais.
- 99 Ar an gcaoi chéanna, rialaigh an Chúirt Bhreithiúnais, in imthosca inar athraigh Ballstát na coinníollacha lena gcinntear na ndaoine a bhfuil in ann leas a bhaint as scéim cabhrach a bhí ann cheana, a líomhnaítear gur sháraigh sé prionsabal na córa comhionainne maidir le hoibreoírí eacnamaíocha áirithe, argóint nach féidir, in aon chás de shárú den sórt sin ar phrionsabal na córa comhionainne, mar thoradh ar an modhnú sin ar an scéim sin, mar atá leasaithe, neamhdhleathacht chinneadh an Choimisiúin ag formheas an scéim sin a laghdú (breithiúnas an



- 15 Aibreán 2008, *Nuova Agricast*, C-390/06, EU:C:2008:224, míreanna 49 go 52). Tá rialacha mionsonraithe den sórt sin, lena gcinntear coinníollacha incháilitheachta le haghaidh scéim cabhrach, doscartha freisin ón gcabhair sin agus dá bhrí sin tagann siad faoi na fachtóirí a n-iarrtar ar an gCoimisiún iad a scrúdú agus, i gcás inarb iomchuí, a fholmheas, ionas, má sháraítear prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais mar thoradh ar shocruithe den sórt sin, eascróidh neamhdhleathacht cinneadh arna ghlacadh ag an gCoimisiún lena n-údaráítear scéim den sórt sin.
- 100 Is é an toradh atá air sin, sa chás seo, nach bhféadfadh an Coimisiún a dhearbhu go bhfuil an státchabhair ar thug Poblacht na hIodáile fógra ina leith ag luí leis an margadh inmheánach, de bhun Airteagal 107(3)(b), CFAE, gan a áirithiú i dtosach báire nár sháraigh an chabhair sin, mar aon le hathchaipitliú BMPS a raibh sé beartaithe í a mhaoiniú, forálacha ábhartha eile nó prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais.
- 101 Dá bhrí sin, is comhthionscnamh é, sa chinneadh a chonspóidtear, mar is léir ó aithrisí 120 go 136, gur fhíoraigh an Coimisiún gur chomhlíon an státchabhair i dtrácht Treoir 2014/59 agus gur tháinig sé ar an gconclúid, ag aithris 137 den chinneadh sin, gur chomhlíon an chabhair sin na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 32(4)(d) den Treoir sin, lena n-áirítear a bhformheas faoi Airteagail 107 agus 108 CFAE, ionas nach spreagfaidh foirmeacha na tacaíochta airgeadais poiblí eisceachtúla d’institiúid creidmheasa nó do ghnóthas infheistíochta, dá dtagraítear in Airteagal 32(4)(d), atá beartaithe chun suaitheadh tromchúiseach ar gheilleagar Ballstáit a chosc nó a leigheas agus chun cobhsaíocht airgeadais a chaomhnú, nós imeachta réitigh.
- 102 I gcomhthéacs na hanailíse sin, d’fhíoraigh an Coimisiún, go háirithe in aithris 132 den chinneadh a chonspóidtear, ach in aithris 101 go 110 de freisin, go raibh na bearta comhroinnte ualaigh dá bhforáiltear sa phlean um athstruchtúru leordhóthanach chun méid na cabhrach a dheonaítear a theorannú go dtí an íosmhéid is gá chun an cuspóir maidir le BMPS a athchaipitliú a bhaint amach.
- 103 Ar an taobh eile, níor ghá don Choimisiún a scrúdú ar sháraigh comhroinnt na n-ualaí sin a chinn Poblacht na hIodáile féin na cearta a mhaíonn Braesch agus páirtithe eile a thagann ó dhlí an Aontais nó ón dlí náisiúnta. Ní thiocfadh sárú den sórt sin, ag glacadh leis go bhfuil sé ann, ón gcabhair sin, óna chuspóir nó óna téarmaí doscartha, ach, mar is léir ó mhír 81 den bhreithiúnas seo, ó na bearta a ghlac an Ballstát sin chun cinneadh a fháil ón gCoimisiún lena n-údaráítear an chabhair sin ag deireadh na céime réamhscrúdaithe.
- 104 Faoi na coinníollacha sin, má mheasann tríú páirtí go bhfuil tionchar ag bearta arna nglacadh ag údarás Ballstáit i gcomhthéacs gnóthas a athstruchtúru, níl stádas “páirtí leasmhar” ag an tríú páirtí sin, de réir bhrí Airteagal 1(h) de Rialachán 2015/1589, de bhrí gur cuid de phlean athstruchtúraithe iad na bearta sin a éilíonn go n-íofar státchabhair agus, dá bhrí sin, go dtugann an Ballstát sin fógra faoin gcabhair sin don Choimisiún chun formheas na cabhrach sin a iarraidh ag deireadh na céime réamhscrúdaithe, i gcomhthéacs an nós imeachta a sheolann an institiúid sin faoi Airteagal 108 CFAE. I gcás den sórt sin, má mheasann an tríú páirtí sin, de bharr bearta den sórt sin, go bhfuil neamhaird déanta ag an mBallstát lena mbaineann ar dhlí an Aontais, is os comhair na cúirte náisiúnta, ag a bhfuil dlínse amháin ina leith sin, a chaithfidh sé agóid a dhéanamh i gcoinne dhlíthiúlacht na mbearta sin, agus beidh an rogha ag an gcúirt sin, nó fiú tá sé faoi oibleagáid má rialaíonn sé mar rogha dheireanach, iarraidh ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnas, más gá, maidir leis an léiriú nó bailíocht fhorálacha ábhartha dhlí an Aontais.

- 105 Sa chás seo, áfach, mar a tugadh faoi deara cheana i mír 66 den bhreithiúnas seo, ní mhaíonn Braesch agus páirtithe eile go ndéanfaidh an chabhair atá i gceist difear dó, agus ní dhéanann sé agóid, ina theannta sin, gur “Státchabhair” atá ann, de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE, ná go bhfuil sé ag luí leis an margadh inmheánach, faoi Airteagal 107(3)(b) CFAE, ach éilíonn sé go bhfulaingíonn sé tionchar na mbeart um chomhroinnt ualaigh dá dtagraítear sa chinneadh faoi chonspóid, ar ardaíonn siad, ina thuairim féin, an chomhréireacht le dlí an Aontais, atá ina hábhar do na saincheisteanna dlí a bhfuiltear ag brath orthu chun tacú lena gcaingean ag an gcéad chéim, agus go bhfuil amhras tromchúiseach ann, dar leo, ar cheart don Choimisiún an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil a thionscnamh.
- 106 Mar is léir ó mhíreanna 69 go 80 den bhreithiúnas seo, áfach, is bearta náisiúnta amháin iad na bearta comhroinnte ualaigh sin ar chuir Poblacht na hIodáile fógra ina leith, faoina freagracht féin, agus nár chuir an Coimisiún, dá bhrí sin, i bhfeidhm agus dá bhrí sin tá siad idirdhealaitheach go dlíthiúil ón gcabhair atá i gceist, tar éis don institiúid sin í a chur san áireamh mar eilimint fhíorasach amháin chun an cinneadh a chonspóidtear a ghlacadh. Mar sin, mar a leanann sé ó mhír 104 den bhreithiúnas seo, is faoi na cúirteanna náisiúnta inniúla amháin atá sé athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht na mbeart sin i bhfianaise an dlí náisiúnta ábhartha agus dhlí an Aontais.
- 107 I ndáil leis sin, tá sé tábhachtach a rá, cé go ndéanadh cúirt náisiúnta, tar éis scrúdú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht na mbeart um chomhroinnt ualaigh i dtrácht, iad a neamhniú go hiomlán nó go páirteach ar fhorais neamhdhleathachta, ní dhéanfaidh an chúirt sin an cinneadh a chonspóidtear a neamhniú, ós rud é nach ndéanann an chúirt sin na bearta sin a fhorchur agus nach ndearna an chúirt measúnú ar a gcomhréireacht le dlí an Aontais.
- 108 Dá mba rud é go gcinneadh an chúirt sin, i bhfianaise léirmhínithe dhlí an Aontais a chuirfeadh an Chúirt Bhreithiúnais ar fáil tar éis tarchur chun réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE, go bhfuil na bearta comhroinnte ualaigh atá i gceist go hiomlán nó go páirteach mídhleathach, is faoi Phoblacht na hIodáile, más rud é nár chuir an neamhdhleathacht sin ar a cumas na gealltanais go léir a tugadh don Choimisiún a chomhlíonadh a thuilleadh tríd an gcabhair dá dtugtar fógra a chur chun feidhme i gcomhréir leis an údarú arna dheonú leis an gcinneadh a chonspóidtear, fógra a thabhairt maidir le bearta nua de bhun Airteagal 108(3) CFAE, mar is léir ó mhíreanna 84 go 86 den bhreithiúnas seo, ar phian go gceanglaítear orthu an chabhair a íocadh cheana faoin gcinneadh sin a ghnóthú.
- 109 Leanann sé as sin, ar thaobh amháin, contrártha leis an méid a d’áitigh Braesch agus páirtithe eile ag an éisteacht os comhair na Cúirte Breithiúnais, nach bhfuil sé ar dhóigh ar bith bainte den cheart chun leigheas breithiúnach éifeachtach a ráthaítear le hAirteagal 47(1) den Chairt agus, ar an dara dul síos, go raibh an Chúirt Ghinearálta mícheart a mhaíomh, i mír 40 den bhreithiúnas faoi achomharc, nach bhféadfadh Braesch agus páirtithe eile a leasanna a chosaint ach amháin trí iarraidh go ndéanfaí an cinneadh a chonspóidtear a chur ar neamhniú os comhair Chúirteanna an Aontais.
- 110 Leanann sé ó na breithnithe go léir roimhe seo go bhfuil earráid dlí sa bhreithiúnas faoi achomharc sa mhéid is gur chinn an Chúirt Ghinearálta, i míreanna 37, 40, 41 agus 58 den bhreithiúnas sin, go bhfuil stádas “páirtithe leasmhara” ag Braesch agus páirtithe eile, de réir bhrí Airteagal 1(h) de Rialachán 2015/1589.
- 111 Dá réir sin, ní mór seasamh leis an bhforas achomhairc aonair a d’ardaigh an Coimisiún ina achomharc.

112 Dá bhrí sin, ní mór an breithiúnas faoi achomharc a neamhniú.

### **Caingean os comhair na Cúirte Ginearálta**

- 113 I gcomhréir leis an dara habairt d’Airteagal 61(1) de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais, i gcás ina gcuirfear breith na Cúirte Ginearálta ar neamhniú, breithiúnas críochnaitheach a thabhairt ar an díospóid má cheadaíonn staid na n-imeachtaí a leithéid.
- 114 Is amhlaidh atá an cás, sa chás seo, maidir leis an agóid in aghaidh do-ghlacthachta a d’ardaigh an Coimisiún le linn na n-imeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta, sa mhéid is go líomhnaíonn an Coimisiún nach bhfuil seasamh ag Braesch agus páirtithe eile chun imeachtaí a thionscnamh, de réir bhrí Airteagal 263(4) CFAE, chun a iarraidh go ndéanfaí an cinneadh a chonspóidtear a neamhniú.
- 115 Mar réamhphointe, ba cheart a thabhairt faoi deara, mar a áitíonn an Coimisiún go ceart san agóid seo, nach gníomh rialaitheach é an cinneadh a chonspóidtear, atá dírithe chuig Poblacht na hIodáile, de réir an dara cuid d’Airteagal 263(4) CFAE, ós rud é nach gníomh de raon feidhme ginearálta é (breithiúnas an 17 Meán Fómhair 2015, *Mory agus Eile v an Coimisiún*, C-33/14 P, EU:C:2015:609, mír 92 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 116 Sna himthosca sin, ní gá ach scrúdú a dhéanamh, i gcomhréir leis an gcásdlí atá tugtha chun cuimhne i mír 50 den bhreithiúnas seo, an féidir, mar a áitíonn an Coimisiún ina agóid i gcoinne do-ghlacthachta, go bhfuil baint dhíreach nó leithleach ag an gcinneadh sin le Braesch agus páirtithe eile de réir bhrí na chéad abairte d’Airteagal 263(4) CFAE.
- 117 Ar an gcéad dul síos, sa mhéid is go bhféachann Braesch agus páirtithe eile, trína chúigiú saincheist dlí, go gcosnófar na cearta nós imeachta a líomhnaítear a thagann ó Airteagal 108(2) CFAE agus Airteagal 6(1) de Rialachán 2015/1589, ba cheart a thabhairt faoi deara, le haghaidh na gcúiseanna a leagtar amach i míreanna 64 go 110 den bhreithiúnas seo, nach bhfuil stádas “leasa” agus “páirtithe leasmhara” aige, de réir bhrí Airteagal 108(2), CFAE agus Airteagal 1(h) den Rialachán sin faoi seach, ionas nach féidir a mheas, chun na críche sin, go bhfuil baint dhíreach nó leithleach ag an gcinneadh sin leis, de réir bhrí na chéad abairte d’Airteagal 263(4) CFAE.
- 118 Leanann sé as sin nach bhfuil seasamh ag Braesch agus páirtithe eile, de réir bhrí Airteagal 263(4) CFAE, d’fhonn a chearta nós imeachta a choimirciú faoi Airteagal 108(2) CFAE agus Airteagal 6(1) de Rialachán 2015/1589.
- 119 Ar an dara dul síos, agus Braesch agus páirtithe eile ag iarraidh, trína chéad cheithre shaincheist, tuillteanais an chinnidh a chonspóidtear a cheistiú, ba cheart a mheabhrú, de réir an chásdlí a tháinig as breithiúnas an 15 Iúil 1963, *Plaumann v an Coimisiún* (25/62, EU:C:1963:17), dá dtagraítear i míreanna 51 agus 54 den bhreithiúnas seo, ní fhéadfadh na páirtithe sin, i gcás den sórt sin, a éileamh go raibh baint ag an gcinneadh sin leo go leithleach, de réir bhrí na chéad abairte d’Airteagal 263(4) CFAE ach amháin má rinne an cinneadh sin difear dóibh de bharr cáilíochtaí áirithe is sonrach dóibh nó de bharr staid fhíorasach arb iad is sainairíonna iad i ndáil le haon duine eile agus, ar an mbealach sin, a dhéanann iad a indibhidiú ar mhodh ar aon dul leis

- an modh ina mbeadh seolaí cinnidh den sórt sin, rud a bheadh amhlaidh, go háirithe, dá ndéanfadh an chabhair is ábhar don chinneadh a chonspóidtear difear suntasach dá seasamh ar an margadh.
- 120 Sa chás seo, áfach, is comhthionscnamh é nach maíonn Braesch agus páirtithe eile go bhfuil aon éifeacht ag an gcinneadh a chonspóidtear ar a sheasamh iomaíoch ar an margadh, éilíonn siad, ar an gcéad dul síos, gur sheol siad litir chuig an gCoimisiún ag cur a inní in iúl faoi thionchar diúltach an chinnidh sin ar a chás agus, ar an dara dul síos, go ndéantar tagairt sa cinneadh sin, sa chur síos, in aithris 32 agus i bhfonóta 35 atá le feiceáil faoi, do na bearta comhroinnte ualaigh dá bhforáiltear sa phlean um athstruchtúrú maidir le fochreidiúnaithe BMPS, leis an gconradh úsáide a bhaineann le hionstraimí FRESH, mar a luaitear i mír 2 den bhreithiúnas faoi achomharc.
- 121 Mar sin féin, ní léiríonn na himthosca sin ar aon bhealach go bhfuil Braesch agus páirtithe eile i staid fhíorasach atá leithleach ó staid an tseolaí, ós rud é go ndéanann na bearta comhroinnte ualaigh dá dtagraítear sa chinneadh a chonspóidtear difear dó ina cháil mar shealbhóirí ionstraimí airgeadais ar an mbealach céanna le sealbhóirí ionstraimí eile go léir a ndéanann na bearta céanna difear dóibh. Ní bhaineann sé le hábhar maidir leis sin, contrártha leis an méid a d'éiligh Braesch agus páirtithe eile, go háirithe, ag an éisteacht os comhair na Cúirte Breithiúnais, murab ionann agus na hionstraimí airgeadais eile sin, nach gcumhdófaí ionstraimí FRESH go sainráite le Dlí Foraithe 237/2016.
- 122 Ina theannta sin, ba cheart a chur in iúl, i gcomhréir le cásdlí na Cúirte, gurb é an t-aon fhíric, ag glacadh leis go bhfuil sé cruthaithe, ní leor go raibh ról gníomhach ag Braesch agus páirtithe eile i réamhchéim an scrúdaithe a rinne an Coimisiún a aithint gur bhain an cinneadh a chonspóidtear go leithleach leo, in éagmais léiriúcháin go bhfuil tionchar suntasach ag an gcabhair is ábhar don chinneadh seo ar a sheasamh ar an margadh (féach, chuige sin, breithiúnas an 15 Iúil 2021, *Deutsche Lufthansa v an Coimisiún* (C-453/19 P, EU:C:2021:608, mír 38 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 123 Leanann sé as sin nach mbaineann an cinneadh a chonspóidtear go leithleach le Braesch agus páirtithe eile, de réir bhrí an chásdlí dá dtagraítear i míreanna 51 agus 54 den bhreithiúnas seo.
- 124 Ag féachaint do chineál carnach na gcoinníollacha dá bhforáiltear sa chéad abairt d'Airteagal 263(4) CFAE, ar dá réir a gcaithfidh duine a bheith bainteach go díreach agus go leithleach leis an ngníomh a bhfuil a neamhniú á iarraidh, mura gcomhlíonfaidh an t-iarratasóir ceann acu, is é an toradh a bhíonn air sin nach mór an chaingean le haghaidh neamhniú a thug sé i gcoinne an ghnímh seo a mheas a bheith neamh-inghlactha (féach, chuige sin, breithiúnas an 3 Deireadh Fómhair 2013, *Inuit Tapiriit Kanatami agus Eile v an Pharlaimint agus an Chomhairle*, C-583/11 P, EU:C:2013:625, mír 76, agus an 4 Nollaig 2019, *Polskie Górnictwo Naftowe i Gazownictwo v an Coimisiún*, C-342/18 P, nár foilsíodh, EU:C:2019:1043, mír 37).
- 125 Mar sin, níl seasamh ag Braesch agus páirtithe eile chun agóid a dhéanamh i gcoinne thuillteanas an chinnidh a chonspóidtear ach an oiread.
- 126 Dá bhrí sin, ní mór seasamh leis an agóid maidir le do-ghlacthacht a d'ardaigh an Coimisiún ag an gcéad chéim sa mhéid is go líomhnaíonn an Coimisiún nach bhfuil seasamh ag Braesch agus páirtithe eile chun imeachtaí a thionscnamh, de réir bhrí Airteagal 263(4) CFAE, chun a iarraidh go ndéanfaí an cinneadh a chonspóidtear a neamhniú.
- 127 Mar sin ní mór an chaingean ag an gcéad chéim a dhiúltú toisc í a bheith do-ghlactha.

## Costais

- 128 I gcomhréir le hAirteagal 184(2) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais, i gcás ina bhfuil bunús maith leis an achomharc agus ina dtugann an Chúirt Bhreithiúnais féin breithiúnas críochnaitheach sa chás, tabharfaidh an Chúirt Bhreithiúnais breith maidir le costais.
- 129 Faoi Airteagal 138(1) de na Rialacha Nós Imeachta, a bhfuil feidhm aige maidir le hachomhairc de bhua Airteagal 184(1) díobh, ní mór a ordú don pháirtí nár éirigh lena chuid foras na costais a íoc, más rud é go ndearna an páirtí eile é sin a iarraidh.
- 130 Sa chás seo, toisc nár éirigh le Braesch agus páirtithe eile agus go ndearna an Coimisiún iarratas ar ordú ina choinne chun na costais a íoc, ní mór a ordú dó na costais a bhaineann leis na himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta agus leis an achomharc seo a íoc.

Ar na forais sin, dearbhaíonn agus rialaíonn an Chúirt Bhreithiúnais (an Mór-Dhlísheomra):

- 1. Cuirtear breithiúnas Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 24 Feabhra 2021, *Braesch agus páirtithe eile v an Coimisiún* (T-161/18, EU:T:2021:102), ar neamhní.**
- 2. Diúltaítear don chaingean arna thionscnamh ag Anthony Braesch, Trinity Investments DAC, Bybrook Capital Master Fund LP, Bybrook Capital Hazelton Master Fund LP agus Bybrook Capital Badminton Fund LP, chun cinneadh C(2017) 4690 final ón gCoimisiún an 4 Iúil 2017 maidir le Státchabhair SA.47677 (2017/N) – an Iodáil, cabhair nua agus plean athstruchtúraithe leasaithe Banca Monte dei Paschi di Siena, a neamhniú, toisc í a bheith do-ghlactha.**
- 3. Ordaítear do Anthony Braesch, Trinity Investments DAC, Bybrook Capital Master Fund LP, Bybrook Capital Hazelton Master Fund LP agus Bybrook Capital Badminton Fund LP na costais arna dtabhú ag an Coimisiún a bhaineann leis na himeachtaí ag an gcéad chéim agus leis na himeachtaí achomhairc a íoc, chomh maith lena gcostais féin.**

Sínithe